



Do Thodhchaí / A dTodhchaí

26–27

Réamheolaire

INSTITIÚID OIDEACHAIS ★
MARINO
INSTITUTE OF EDUCATION

An Associated College of
Trinity College Dublin, the University of Dublin



| | |
|---|----|
| Fáilte ón Uachtarán | 3 |
| Cén fáth a roghnófa Institiúid Oideachais Marino? | 4 |
| Staidéar i mBaile Átha Cliath | 7 |
| Scoláireachtaí | 8 |
| TOBAR | 9 |
| Saol an Mhic Léinn in IOM | 11 |
| Lóistín | 12 |
| Staidéar Thar Lear | 14 |
| Nasc-chúrsa Tionscnamh na Múinteoirí Imirceacha “Saol mar mhúinteoir in Éirinn” | 16 |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn in IOM | 18 |
| Cúrsaí | 21 |
| Sparánachtaí | 52 |
| Liosta na Modúl | 54 |
| Iarratas a dhéanamh | 72 |
| Tabhair cuairt orainn | 74 |



Quasi Stellae Fulgeant

(Daniel 12:3) – ‘Dealróidh na saoithe mar loinnir na spéire.’



Fáilte

Tá Institiúid Oideachais Marino tiomanta don chumas atá ag an oideachas saol an duine a fheabhsú agus a athrú.

Le breis agus céad bliain tá an Institiúid tar éis oideoirí a ullmhú a oibríonn chun saol an duine a athrú in Éirinn agus ar fud na cruinne. Cé acu a chuireann tú spéis ann: an mhúinteoireacht scoile, oideachas i suíomhanna luath-óige, tacaíocht a thabhairt do dhaoine i réimse suíomhanna oideachais athdheise nó breisoideachais nó oideachas a thabhairt do dhaoine i réimse suíomhanna neamhfhoirmeálta, beidh cúrsa oiriúnach a fheastalóidh ar do riachtanais ar fáil duit anseo in Institiúid Oideachais Marino. Chomh maith leis sin freastalaíonn raon mic léinn idirnáisiúnta ar an mBonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide a reáchtáiltear san Institiúid.

Mar institiúid oiliúna múinteoirí taighdethreoraithe, thugamar tosaíocht riamh don oideachas agus don bharr feabhais. Is iad cúraim, pobail agus sármhaitheasa croíluachanna na hInstitiúide.

Oibrímid i dtimpeallacht ilteangach agus tá ár dtiomantas don Ghaeilge ach go háirithe soiléir sa dá chúrsa oiliúna tosaigh múinteoirí a reáchtáiltear trí mheán na Gaeilge amháin (Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) agus an Máistir Gairmiúil san Oideachas, Conair lán-Ghaeilge). De thairbhe ár dtraidisiúin agus ár stair cultúrtha tá ról lárnach ag gach chineál ealaíona, ceoil agus spóirt.

Thar gach rud eile is ar son na mac léinn atá Institiúid Oideachais Marino ann. Tá folláine ár mac léinn agus ár bhfoireann agus ardchaighdeán oideachais mar thosaíocht agus raison d'être na hInstitiúide.

Is follas dúinn go bhfuil rogha ghéarchúiseach á dhéanamh ag mic léinn nuair a roghnaíonn siad cúrsa agus céim ollscoile agus cá háit a chaithfidh siad a gcuid ama, mar is cheart dóibh a dhéanamh.


Más mac léinn thú ar mian leat a bheith i do bhall de phobal bríomhar tarraingteach, cáilíocht den scoth atá creidiúnaithe ag Coláiste na Tríonóide a fháil, tacaíocht a fháil ar bhonn pearsanta agus gairmiúil, dul i dteagmháil le piaraí agus leis an bhfoireann ar bhonn céadainm, agus taithí shona mhac léinn a bheith agat in áit ina gcuirtear rannpháirtíocht gach duine i réimse leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim chun cinn, oireann Institiúid Oideachais Marino duit.

Tá muid bródúil as ár gcampas álainn agus an traidisiún atá againn ó thaobh cúraim, pobail agus sármhaitheasa de; tá tuiscint níos fearr ná riamh againn go bhfuil ár gcroíluachanna ríthábhachtach maidir leis na bealaí ar féidir leis an ardoideachas freastal ar riachtanais ár mac léinn agus ár sochaí sa todhchaí.

Táimid ag tnúth le fáilte a chur romhat chuig ár suíomh idirlíne agus ár gcampas stairiúil chun go bhfaighidh tú blas den taithí shaibhir spriocdhírthe atá romhat in Institiúid Oideachais Marino

An tOllamh Teresa O'Doherty

Uachtarán



★
Tá Institiúid
Oideachais Marino
tiomanta don
chumas atá ag an
oideachas saol an
duine a fheabhsú
agus a athrú.

Cén fáth a roghnófa Institiúid Oideachais Marino?

1

Céim ó Choláiste na Tríonóide

Bain tairbhe as caighdeán shármhaithe oideachais Institiúid Oideachais Marino agus faigh do chuid staidéir creidiúnaithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, arb í an ollscoil is airde rangú in Éirinn í agus a bhfuil cáil dhomhanda uirthi as sármhaitheas teagaisc, taighde agus nuálaíochta. Is acmhainn í céim ó Choláiste na Tríonóide d'oideoirí a bhfuil sé ar intinn acu fanacht in Éirinn chomh maith leo siúd a bheidh ag taisteal thar lear le haghaidh oibre nó eachtraíochta.

2

Pobal bríomhar mac léinn

Pobal bríomhar cairdiúil is ea Institiúid Oideachais Marino, áit a gcuirfidh tú aithne go tapa ar chomhghleacaithe agus ar chairde a bheidh agat ar feadh an tsaoil i dtimpeallacht dhearfach fháilteach. Baineann mic léinn tairbhe as eispéiris idirghníomhacha fhiúntacha sa seomra ranga ina n-éistear lena dtuairimí agus ina léirítear meas orthu.



3

Tacaíocht do mhic léinn

Tugtar teagascóir pearsanta ón bhfoireann acadúil do gach mac léinn in Institiúid Oideachais Marino, a thacaíonn leo le linn a gcuid staidéir. Más gá, féadfaidh siad leas a bhaint as tacaíocht ó sheirbhís sláinte na hInstitiúide, ón tSeirbhís do Mhic Léinn faoi Mhíchumas, ón tSéiplíneacht nó ón tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn.



4

Buntáistí an tSuímh

Cuireann tailte áille champas Marino suíomh foirfe cónaithe agus staidéir ar fáil do mhic léinn. Lig do scíth agus bain taitneamh as an iliomad spás glas, na páirceanna spóirt, siopaí áitiúla, beáir agus bialanna, agus cathair Bhaile Átha Cliath ar leac an dorais agat.

5

An Ghaeilge

Cuirtear fáilte roimh úsáid na Gaeilge i measc na mball foirne agus na mac léinn agus spreagtar í, cibé acu is cainteoir líofa thú nó duine le 'cúpla focal'. Aimsigh deiseanna chun do chuid Gaeilge a fheabhsú agus a shaibhriú, ar bhealaí acadúla agus sóisialta, i dtimpeallacht shuaimhneach thacúil.



7

Lóistín

Tá árasáin nua-athchóirithe den scoth ag Marino, iad suite go caoithiúil ar an gcampas álainn. Tá na háiseanna nua-aimseartha go léir iontu, rud a fhágann go mbíonn an taithe is fearr is féidir ag na mic léinn ar an gcampas.

6

Clubanna & Cumainn

Tá raon clubanna agus cumann ar champas Marino a fheileann do gach spéis idir cúrsaí spóirt, na healaíona agus go leor eile. Tá teacht ag mic léinn IOM ar raon clubanna agus cumann de chuid Choláiste na Tríonóide freisin.





Staidéar i mBaile Átha Cliath

Tá Baile Átha Cliath anois ar cheann de na háiteanna is bríomhaire agus is spreagúla le bheith i do chónaí ann agus ag staidéar ann, agus tá tuairim is 120,000 mac léinn ag tabhairt faoina gcuid staidéir anseo.

Tá saibhreas cultúir, ceoil, ealaíne agus litríochta fite fuaite sa phríomhchathair. Tá páirceanna áille le fáil inti, roinnt cuideachtaí móra teicneolaíochta agus neart siamsaíochta oíche.

Is féidir lár chathair Bhaile Átha Cliath a fhiosrú go héasca de shiúl na gcos nó leas a bhaint as na seirbhísí iompair éagsúla atá ar fáil ann. Le Bus Átha Cliath, an LUAS agus an DART, nó Dublin Bikes, a mbíonn mórélímh orthu, féadfaidh tú dul áit ar bith is mian leat. Tá rogha sa chathair bheag seo do gach uile dhuine. Is cuma más spéis leat cuairt a thabhairt ar Pháirc an Fhionnuisce, tacú le d'fhoireann CLG i bPáirc an Chrócaigh, féachaint ar chluiche rugbaí i Staid Aviva, cadhc a thabhairt suas an Life, am a chaitheamh i mBarra an Teampaill nó breathnú ar sheó in Amharclann Bhord Gáis, bainfidh tú sult as d'eispéreas mar mhac léinn má roghnaíonn tú staidéar a dhéanamh anseo i mBaile Átha Cliath. Lena campas suaimhneach agus suíomh inrochtana, tá Institiúid Oideachais Marino i gcroílár an eispéiris sin

★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Tá an-mhuintearas in IOM, áit ar féidir leat cairde buana a dhéanamh; agus ós rud é gur choláiste beag é, tá sé deas go mbíonn caidreamh cairdiúil idir na mic léinn agus na léachtóirí”

Scoláireachtaí

Is cúis lúcháire é d'IOM suas le 20 scoláireacht

dar luach €500 an ceann a chur ar fáil sna cúig réimse seo a leanas:

- › Obair Dheonach
- › Ealaíona agus Cultúr
- › Cur Chun Cinn na Gaeilge
- › Spórt
- › Gnóthachtaí Acadúil

Tá na scoláireachtaí seo ar fáil do gach mac léinn fochéime nua sa chéad bhliain a thagann isteach tríd an Lár-Oifig Iontrála. Chun eolas a fháil faoi na critéir atá i gceist i ngach réimse agus faoin bpróiseas iarratais téigh chuig www.mie.ie/ga/saol_an_mhic_leinn/scolaireachtaí_do_mhic_leinn_agus_clair_thacaiochta/scolaireachtaí_focheime/

Sonraí faoin Spáránacht 1916, téigh chuig www.mie.ie/1916

Sonraí faoi scoláireachtaí Uiversity le haghaidh Foghlaimeoirí Fásta, téigh chuig www.uiversity.org

★ GUTH AN MHC LÉINN

“Ba mhaith liom ríomhphost a sheoladh isteach chun buíochas mór a ghabháil libh as mé a roghnú don chlár scoláireachta. Rinne sé difríocht ollmhór dom agus mé ag traenáil agus ag iomaíocht. Bhí an deis agam dul ag rásaíocht ag an gCraobhchomórtas Dhomhanda agus ag Craobhchomórtas na hEorpa le linn an tsamhraidh agus bhí mé thar a bheith sásta le m’fheidhmíocht. Tá sé iontach go bhfuil tacaíocht na hInstitiúide agam.”

Cleo, mac léinn B.Ed.



Tobar

Díríonn tionscnamh TOBAR Institiúid Oideachais Marino ar obair le baill de Lucht Siúil na hÉireann amháin rochtain a fháil ar chúrsaí oideachais bunmhúinteoireachta. Maoinithe ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA), cuireann an tionscnamh seo cabhair agus comhairle phearsanta, acadúil agus choinneála ar fáil do mhic léinn féideartha. Nuair a chláraíonn mac léinn le TOBAR, cuirtear córas tacaíochta pearsanta ar fáil dóibh, a threoróidh iad trí ghach ghné dár bhforás, idir iarratais réamhiontrála, rannpháirtíocht leanúnach sa choláiste agus clárú múinteoireachta ag deireadh an chúrsa. Do thuilleadh eolais ar TOBAR, le do thoil seol ríomhphost go tobar@mie.ie



★ GUTH AN MHC LÉINN

“Theastaigh uaim i gcónaí a bheith i mo mhúinteoir; ní féidir liom a shamhailt go bhfuil sé ag tarlú i ndáiríre. Ní fhéadfainn seo a dhéanamh gan an chabhair a fuair mé ó TOBAR.”

Claire, mac léinn Tobar PME

★ GUTH AN MHC LÉINN

“Ba rud seasmhach é TOBAR dom ón réamhiontráil go dtí gur chríochnaigh mé mo chúrsa ar go leor bealaí. Nuair a thosaigh mé mo Chéim Máistir, bhí leisce orm mo chúlra a roinnt, ach thacaigh Miriam agus an fhoireann in IOM liom agus mé ag streachailt muinín a bheith agam ionam féin agus labhairt faoi mo ghnáthshaol, an bealach ar tógadh mé agus an cultúr atá agam.”

Annmarie, mac léinn Tobar

Sliocht as: Colum & Collins (2021): Conversation on COVID-19: a viewpoint on care, connections and culture during the pandemic from a teacher educator and an Irish Traveller. Irish Educational Studies. DOI 10.1080/03323315.2021.1916560



Saol an Mhic Léinn in IOM

Taobh amuigh de ranganna foirmiúla tá an iliomad deiseanna ann do mhic léinn ar an gcampas agus lasmuigh de.

Baineann na mic léinn an leas is mó agus is féidir as suíomh idéalach IOM agus glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim agus áineasa ar an gcampas agus i lár chathair Bhaile Átha Cliath araon. Cinntíonn Aontas na Mac Léinn in IOM, ar aontas é atá dícheallach ionchuimsitheach, ár nOifigigh Shiamsaíochta iontacha san áireamh, go mbíonn gach deis ag gach mac léinn an taithí is fearr atá ar fáil ag mic léinn a fháil agus iad i mbun staidéir anseo. Eagraítear imeachtaí le linn na bliana a fhreastalaíonn ar chách agus moltar do gach duine páirt a ghlacadh iontu.

Aontas na Mac Léinn in IOM

Tá sé d'aidhm ag Aontas na Mac Léinn guth an mhic léinn a chur chun cinn agus trí seo bliain bhríomhar agus fhiúntach a chruthú dóibh. Spreagtar mic léinn chun smaointe, tuairimí agus aiseolas a roinnt leis an AML agus cuirtear fáilte rompu seo i gcónaí.

Tá Aontas na Mac Léinn (AML) IOM comhdhéanta de mhic léinn tofa a dhéanann ionadaíocht do mhic léinn ar leibhéal an choláiste, a labhraíonn thar ceann na mac léinn agus a chuireann líonra tacaíochta ar fáil do gach mac léinn. Oibríonn oifigigh AML do phobal iomlán na mac léinn trí imeachtaí, ceardlanna folláine agus tacaíochta agus imeachtaí tiomsaithe airgid a eagrú agus áit chabhrach chairdiúil a chur ar fáil cibé uair a bhíonn comhrá uait. Ar an bhfoireann tá Uachtarán, 2 Leas-Uachtarán; Leas-Uachtarán amháin Leasa agus Comhionannais agus Leas-Uachtarán eile Oideachais, chomh maith le hOifigigh Spórt, Oifigeach Ealaíona agus Oifigeach Comhshaoil i measc oifigigh eile.

★ GUTH AN MHC LÉINN

“Bhuail mé le roinnt de na daoine is fearr liom ar domhain in IOM. Níl aon dabht gur áit chairdiúil fháilteach í idir na mic léinn agus an fhoireann agus mholfainn í d’aon duine a mbeadh suim acu inti.”

Clubanna agus Cumainn

Tá raon clubanna agus cumann ar fáil in IOM agus spreagtar mic léinn nua chun clárú leo agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu. Is iad seo a leanas ár gclubanna ar an gcampas: Peil na mBan agus na bhFear, Cór, Iománaíocht, Cumann Damhsa, Cumann Ealaíona, Cumann Drámaíochta, Camógaíocht, Cumann Ceol Traidisiúnta, An Cumann Gaelach, Foireann Cispheile na mBan agus na bhFear, an Campas Glas/Cumann Inbhuanaitheachta.

Cuirtear fáilte roimh ionchur ó gach mac léinn agus spreagtar iad chun clubanna agus cumainn nua a bhunú. Féadfaidh mic léinn IOM clárú le haghaidh raon clubanna agus cumann de chuid Choláiste na Tríonóide freisin, cuir i gcás a bhfoireann haca, lúthchleasaíochta, badmantan, sacar agus go leor eile.



www

@miestudentsunion
mie.ie/su

Lóistín

Tá troscán agus fearais nua-aimseartha le fáil in árasáin iontacha nua-athchóirithe Marino agus tá siad suite go caoithiúil ar an gcampas.

Tá an lóistín gar do lár na cathrach agus tá seirbhís mhaith bus á soláthar ag Bus Átha Cliath; tá stad bus díreach lasmuigh de gheataí an champais. I measc na n-áiseanna áitiúla tá siopaí, bialanna, spórtlann, ollmhargadh, cógaslann agus páirc spóirt.

Tá córas eochairchártaí i bhfeidhm chun rochtain shlán áisiúil a thabhairt ar gach árasán. Tá seirbhís slándála ann chun sábháilteacht na mac léinn a chinntiú. Cuireann cuideachta bainistíochta lóistín an champais, Eber, béim bhreise ar an ngné shóisialta de shaol na mac léinn, rud a thugann neart deiseanna dóibh meascadh le chéile. Déanann siad gníomhaíochtaí amhail tráth na gceist, imeachtaí bréigéide agus oícheanta scannán a óstáil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach <https://eber.life/ie/> cuir ríomhphost chugainn ag mie@eber.life, nó glaoigh ar oifig IOM Eber ag +353 1 2542248. Ba bhreá linn cloisteáil uait!

Scéim Cóiríochta do Mhic Léinn IOM 2026-27

- › Tacaíocht a thabhairt do mhic léinn faoi mhíchumais eacnamaíochta
- › Mic léinn sa chéad bhliain
- › Ráta lascainithe
- › Lóistín ar an gcampas
- › Seomraí aonair
- › Líon teoranta seomraí ar fáil

Do thuilleadh eolais ar na critéir cháilitheachta agus conas iarratas a dhéanamh, téigh chuig www.mie.ie/ga/saol_an_mhic_leinn/aiseanna_campais_agus_loistin/loistin/sceim_coiriochta_do_mhic_leinn/





Staidéar Thar Lear

Is gné de shaol an mhic léinn agus na foirne in IOM é an t-idirnáisiúnú.

Déanaimid teorainneacha geografacha ár ngníomhaíochtaí a leathnú go leanúnach trí thionchar ár naisc dhomhanda a threisiú. Déanaimid ár seacht ndícheall feabhas a chur ar an taithí teagasc agus foghlama a chuirtear ar fáil ar an gcampas trí dheiseanna idirnáisiúnta socrúcháin, taighde agus soghluaisteachta a chur chun cinn agus a éascú. Tá an deis ag gach fochéimí in Marino tabhairt faoi agus páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí idirnáisiúnta atá ar fáil.

Seo a leanas roinnt de na gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a bheidh ar fáil duit mar mhac léinn de chuid Marino:

- › Seimeastar Erasmus+ thar lear
- › Clár Malartaithe Thuaidh-Theas Múinteoir Faoi Oiliúint
- › Seisiúin Idirnáisiúnta Chomhroinnte
- › Malartuithe Idirnáisiúnta ar líne
- › Malartuithe/soghluaiseacht dámh
- › SEMP (Clár Soghluaiseachta Oideachais na hEilvéise)

★ GUTH AN MHIC LÉINN


“Fuair mé an deis mo shocrúchán scoile a dhéanamh i Scoil Eorpach sa Bhruiséil nuair a bhí mé sa tríú bliain. Ba thaithí iontach í múineadh i gcóras oideachais nua agus le múinteoirí ó áiteanna éagsúla ar fud na cruinne. Bhí réimse mór teangacha ag na páistí i mo rang, agus bhí an deis agam Gaeilge a mhúineadh dóibh mar theanga bhreise freisin. Bhain mé fíorthaitneamh as an tréimhse a chaith mé thar lear ar shocrúchán scoile.”

Caroline, mac léinn Bait. san Oid

★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Ceann de na buaicphointí a bhí agam in IOM ná an Erasmus a rinne mé in Zurich an seimeastar seo thart. Eispéireas fíoruathúil ab ea seo a thug a lán peirspictíochtaí éagsúla dom ar an teagasc agus foghlaim agus thaitin an taithí a fuair mé ar chóras oideachais agus ar chultúr éagsúil go mór liom. Bhí an-meascán de dhúshlán agus de sceitimíní i gceist agus mé i mo chónaí thar lear. D’fhoghlaim mé an-chuid, chonaic mé an-chuid agus bhuaill mé le daoine ó gach cearn den domhan. Thug sé spreagadh dom fás agus forbairt go pearsanta agus go proifisiúnta agus mholfainn an t-eispéireas seo go hard d’aon duine a mbíonn an deis acu.”

Katelyn, mac léinn B.Oid.





“Tuigeann muid anseo i Marino go gcabhróidh deiseanna idirnáisiúnta leat forbairt chun barr do chumais mar oideasóir a bhaint amach. Nuair a dhéanann tú staidéar linn, is féidir leat do rogha sheimeastar thar lear a dhéanamh nó tabhairt faoi do rogha eispéireas idirnáisiúnta a dhéanamh ar líne – nó fiú an dá cheann a dhéanamh”.

An Dr Joan Kiely



GUTH AN MHIC LÉINN

“Molaimid an taithí seo go mór do gach mac léinn. Creidimid gur ghá do chách tabhairt faoi eispéireas mar seo. Fiú mura bhfuil ann ach cúpla mí, beidh cuimhne agat air go deo.”

Martina and Andrea, mic léinn Erasmus+, UAB sa Spáinn



Nasc-chúrsa Tionscnamh na Múinteoirí Imirceacha “Saol mar mhúinteoir in Éirinn”

Is é príomhchuspóir Tionscnamh na Múinteoirí Imirceacha (MTP) in Institiúid Oideachais Marino ná líon na múinteoirí imirceacha a fuair oideachas agus oiliúint thar lear a mhéadú i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna na hÉireann.



Sa chaoi seo tugann sé eolas, comhairle agus oiliúint do mhúinteoirí imirceacha, múinteoirí dídeanaithe san áireamh, a cháiligh lasmuigh d'Éireann, chun cabhrú leo leanúint leis a ngairm in Éirinn. Tacaíonn an MTP leis na múinteoirí siúd, trí abhcóideacht agus gníomhaíochtaí eile a chuireann ceist na hearcaíochta, na coinneála, agus cur chun cinn na múinteoirí imirceacha agus dídeanaithe laistigh de chóras oideachais na hÉireann.



Céard is an Nasc-chúrsa?

Is cúrsa páirtaimseartha forbairt ghairmiúil é an nasc-chúrsa. Tugann sé an t-eolas agus na scileanna cuí chun muintín a fhorbairt agus fostaíocht a aimsiú i scoileanna in Éirinn.

Cé air a ndírítear an clár?

Ceapadh an cúrsa seo do mhúinteoirí le cúlra imirceacha a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu sa mhúinteoireacht Bunscoile nó Iar-bhunscoile (Meánscoile) agus a bhfuil cónaí orthu in Éirinn anois.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Trí mheascán de léachtaí, cheardlanna, foghlaim ar líne agus taithí scoile, déanfaidh múinteoirí iniúchadh ar na topaicí a leanas:

- › Comhthéacs agus cultúr na scoileanna in Éirinn – chun tuiscint a fháil ar chóras oideachais na hÉireann agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi go mbíonn tionchar ag an gcomhthéacs stairiúil, socheolaíochta agus polaitiúil ar scoileanna agus cultúr scoileanna.
- › Curaclam, measúnú agus oideolaíocht in Éirinn – chun dul i dtaithí ar pholasaí agus cleachtas reatha i gcomhthéacs na scoileanna in Éirinn agus machnamh a dhéanamh ar fhorbairt an churaclaim, modhanna measúnaithe agus modhanna oideolaíochta ar bhonn níos leithne.
- › Múinteoir mar ghairmí – chun iniúchadh a dhéanamh ar na tuiscintí éagsúla den ‘mhúinteoir’ agus ról an mhúinteora i gcomhthéacs na hÉireann. Déanfar tagairt de pholasaí agus cleachtas araon, agus gheobhfar tuiscint ar na príomheagraíochtaí múinteoireachta in Éirinn.
- › Gairm múinteoireachta a fhorbairt in Éirinn – chun do scileanna profisiúnta is láidre a aithint, agus scileanna gur cheart snas a chur orthu trí fhorbairt ghairmiúil breise a aithint. Tabharfar scileanna praiticiúla a chabhródh leat gairm a bhaint amach i scoileanna in Éirinn.



GUTH AN MHIC LÉINN

“Ba mhór an léargas a thug an clár seo dom ar Chóras Oideachais na hÉireann. Ar bharr sin, thug sé ballraíocht gan chuntas dom de líonra chomhghleacaithe agus chomhairleoirí a mhol, a spreag agus a léirigh m’fhorbairt agus mo chur chuige teagaisc ghairmiúil.”

Sacha, mac léinn MTP



Conas a dhéantar measúnú ar an gclár?

Le linn an chúrsa, tabharfaidh ceisteanna, aiseolas agus fóraim ar líne deiseanna féinmheasúnaithe, piarmheasúnaithe mar aon le deiseanna measúnaithe ar na teagascóir duit. Déanfaidh tú machnamh scríofa a chuirfear isteach ag deireadh an chúrsa.

Deimhniúchán

Bronnfar teastas ó Institiúid Oideachais Marino ar gach múinteoir a n-éiríonn leo sa chúrsa.

Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn in IOM

Córas na dTeagascóirí Pearsanta

Is príomhthacaíocht do mhic léinn in IOM é Córas na dTeagascóirí Pearsanta. Tugtar léachtóir do gach mac léinn lánaimseartha mar theagascóir pearsanta a éistfidh le hábhair imní na mac léinn agus a thacóidh leo dul chun cinn a dhéanamh ina gcúrsa agus iad ag freagairt ag an am céanna d'aon dúshlán nó deacracht a thagann chun cinn.



An tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn

Is féidir le mic léinn leas a bhaint as an tseirbhís comhairleoireachta chun an t-am agus an spás a fháil chun iniúchadh a dhéanamh ar aon saincheisteanna pearsanta, mothúchánacha nó sóisialta a chuireann imní orthu agus a chuireann isteach ar a gcuid staidéir. D'fhéadfaí a áireamh leis sin: imní, giúmar íseal, deacrachtaí caidrimh, cumha i ndiaidh an bhaile, strus, méala, ceisteanna féiniúlachta nó aon rud a bhíonn deacar bainistiú i d'aonar.

Tá an tseirbhís faoi stiúir Stiúrthóir na Seirbhíse Comhairleoireachta agus Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn. I measc na foirne tá comhairleoir na mac léinn lánaimseartha ar an gcampas, chomh maith le grúpa comhairleoirí deonacha láncháilithe. Mar fhoireann, táimid tiomanta tacú le meabhairshláinte na mac léinn agus cabhrú leo a dtaithí ollscoile a bhainistiú i gceart.

Séiplíneacht agus Tacaíocht Phearsanta

Ról amháin atá ag Foireann Séiplíneachta IOM is ea cur le Córas na dTeagascóirí Pearsanta agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn tráth méala nó tinnis. Eagraíonn an Fhoireann Oideachais Reiligiúnaigh liotúirgí éagsúla i rith na bliana, lena gcruthaítear spás don urnaí agus don mhachnamh.



Seirbhís do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Oibríonn an tseirbhís seo le mic léinn a chuireann míchumas in iúl agus cinntítear léi go mbíonn an tacaíocht a bhíonn de dhíth ag na mic léinn seo chun páirt ghníomhach a imirt i saol na hollscoile. Soláthraítear tacaíocht ar bhonn riachtanas míchumas agus i measc na tacaíochtaí sin, áirítear socruithe réasúnta i leith na foghlama, an teagaisc, measúnaithe, socrúcháin agus rochtain a fháil ar an gcampas.

Nuair a chláraíonn mac léinn leis an tseirbhís, déantar plean a chur le chéile, bunaithe ar a riachtanais ar leith, chun córas tacaíochta soiléir éifeachtach a fhorbairt le haghaidh gach céim d'aistear an mhic léinn, ó dhul isteach sa choláiste, páirt a ghlacadh i ranganna agus riachtanais mheasúnachta a chur i gcrích.


Forbairt Foghlama do Mhic Léinn

Cuireann an tseirbhís seo tacaíocht foghlama ar fáil chun cabhrú le mic léinn a gcumas acadúil a bhaint amach. Eagraítear ceardlanna agus imeachtaí maidir le scileanna féinbhainistithe, scileanna tagartha agus scríbhneoireachta criticiúla ar an gcampas i rith na bliana chomh maith le rogha ceardlann ar líne do mhic léinn. Cuidíonn siad sin leat a bhfuil ar do chumas a dhéanamh le linn do chúrsa roghnaithe.

Is féidir le mic léinn labhairt leis an nGairmthreoraí faoi roghanna féideartha gairme, pleananna staidéir agus faoin saol i ndiaidh na hollscoile a phleanáil. Cé acu comhairle faoi do chéad céimeanna eile, iarratais a chur isteach, do CV nó maidir le scileanna agallaimh, tá tacaíocht ar fáil anseo duit ionas gur féidir leat bogadh ar aghaidh lán de mhúinín.

Seirbhísí Leighis do Mhic Léinn

Is féidir le gach mac léinn de chuid IOM leas a bhaint as trí chuairt in aisce ar ghairmithe sláinte in Ionad Leighis Fhionnradhairc le linn gach bliana acadúla. Bíonn foireann dochtúirí agus altraí ar dualgas i rith na seachtaine agus bíonn seirbhís éigeandála ar fáil maidin Dé Sathairn. Níl an t-ionad leighis ach 10 nóiméad de shiúl na gcos ón gcoláiste agus tá roinnt cógaslann in aice láimhe.

 [Do thuilleadh eolas ar Sheirbhísí Tacaíochta IOM, téigh chuig mie.ie/ga/saol_an_mhic_leinn/seirbhisi_tacaiochta_do_mhic_leinn/](https://mie.ie/ga/saol_an_mhic_leinn/seirbhisi_tacaiochta_do_mhic_leinn/)



Cúrsaí

| Cúrsa | Leathanach | Modúil |
|--|------------|--------|
| Baitsiléir san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) | 23 | 54 |
| Baitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) | 25 | 56 |
| Baitsiléir Eolaíochta (Léann an Oideachais) | 27 | 58 |
| Baitsiléir Eolaíochta (Oideachas Luath-Óige) | 29 | 59 |
| Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide | 31 | 60 |
| Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) | 33 | 61 |
| Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) - Conair lán-Ghaeilge | 35 | 62 |
| Diplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas) | 37 | 63 |
| Máistreacht i Léann an Oideachais (Foghlaim agus Ceannaireacht Idirchultúrtha) | 39 | 64 |
| Máistreacht i Léann an Oideachais (na hAmharc-ealaíona) | 41 | 65 |
| Máistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Luath-Óige) | 43 | 66 |
| Máistreacht i Léann an Oideachais (Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe) | 45 | 67 |
| Máistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Matamaitice Bunscoile) | 47 | 68 |
| Máistreacht i Léann an Oideachais (Ceannaireacht Scoil Chríostaí) | 49 | 69 |
| Máistreacht i Léann an Oideachais (Breisoideachas) | 51 | 70 |



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Agus mé críochnaithe le mo thríú bliain ar an B.Ed anois, is féidir liom a rá go bhfuil Marino tar éis dul i gcion go mór orm mar dhuine, mar mhac léinn agus mar mhúinteoir amach anseo. Tá an méid sin foghlamtha agam, tá buanchairde iontacha déanta agam agus is ball de phobal iontach mé a thugann tacaíocht dúinn agus a spreagann muid le fás agus forbairt.”



Ceann de na gairmeacha as a mbaineann tú an méid is mó taitnimh agus tairbhe ná nuair a bhíonn tú ag cabhrú leis an aos óg foghlaim. Tá an Baitsiléir san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta, agus ullmhófar thú le hobair a dhéanamh i mbunscoileanna na hÉireann. Aithnítear an cháilíocht seo i bhformhór suíomhanna idirnáisiúnta chomh maith.

AN COMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA

“Bhí an painéal an-tógtha le tiomantas láidir na foirne agus ardchaighdeán an chláir B.Ed in IOM.”

Liosta na Modúl ⇒ Lch 54

Céard é an Baitsiléir san Oideachas (Bunmhúinteoireacht)?

Gheobhaidh tú amach faoi na bealaí a bhfoghlaímíonn páistí idir 4 agus 12 bliana conas léamh, scríobh, comhaireamh agus áireamh; foghlaimeoidh tú conas na healáiona a chur ar shúile na bpáistí, mar aon leis an draíocht agus na mistéir mórthimpeall orthu, agus na bealaí chun fás agus forbairt ar bhealach sláintiúil.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Foghlaimeoidh tú conas a fhoghlaímíonn páistí, na toscaí a imríonn tionchar ar a bhfoghlaim agus an chaoi ar tháinig athrú ar ár dtuiscint air sin thar am. Faigh eolas breise ar na hábhair churaclaim agus foghlaim modhanna beachta maidir le hábhair uile na bunscoile a mhúineadh. Foghlaim faoi ábhair ar nós an Fhoghlaim ar bhonn Fiosraithe agus Léann an Chomhionannais, cúrsaí a thugann léargas nua dúinn ar na bealaí a smaoinimid. Beidh deis agat staidéar a dhéanamh chun teastas san Oideachas Reiligiúnach Caitliceach a bhaint amach le tú a ullmhú múineadh i scoileanna faoi phatrúnacht na hEaglaise Caitlicí. Tá deis ann chomh maith staidéar a dhéanamh chun teastas a fháil sna Curaclaim Ilchreidmheacha agus Eitice i gComhthéacsanna Scoileanna Éagsúla. Smaoinigh ar seimeastar a dhéanamh thar lear le malartú Erasmus le linn an tríú bliain de do chéim B.Ed.

Socrúchán Scoile

Beidh deiseanna agat socrúcháin a dhéanamh i scoileanna uirbeacha agus tuaithe, scoileanna aonghnéis agus scoileanna comhoideachais, suíomhanna ilghrádacha agus aonghrádacha, scoileanna sainchreidmheacha agus il-sainchreidmheacha, scoileanna DEIS agus scoileanna lán-Ghaeilge nó Scoileanna Gaeltachta. Tabharfaidh tú faoi shocrúchán Oideachais Speisialta agus beidh an seans agat taithí a fháil ar shaol na scoile i gcomhthéacsanna éagsúla.

Gaeltacht

Mar chuid den chlár, ní mór duit am a chaitheamh, de ghnáth dhá thréimhse coicise, sa Ghaeltacht chun eolas níos fearr a fháil ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach.

Céard iad na roghanna gairmiúla atá ar fáil dom?

Faigheann formhór na gcéimithe ón gclár Baitsiléir san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) post mar bhunmhúinteoirí i bPoblacht na hÉireann. Imíonn roinnt díobh thar lear le Béarla a mhúineadh mar theanga bhreise nó le múineadh i mbunscoil in áit eile. Ó am go chéile, oibríonn céimithe i réimsí nach mbaineann le cúrsaí oideachais, mar shampla sna meáin nó déanann siad taighde.



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Bíonn deiseanna againn an Ghaeilge a úsáid le daoine timpeall orainn a bhfuil grá láidir acu don Ghaeilge. Táim tar éis scileanna ríthábhachtacha don mhúinteoireacht a fhoghlaim chomh maith le feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge.”

Baitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge

Bunmhúinteoireacht



Cóid Lár-Oifig iontrála
Cóid CAO
CM003/CM004

Tá an Baitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) dírithe ar mhic léinn a dteastaíonn uathu múineadh san earnáil oideachas Lán-Ghaeilge .i. i scoileanna Gaeltachta nó i scoileanna Lán-Ghaeilge. Tá an cúrsa seo aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus bíonn mic léinn leis an gcáilíocht seo cáilithe múineadh i ngach cineál scoil. Beidh an cáilíocht mhúinteoireachta trí mheán na Gaeilge seo, ina buntáiste ar leith ag múinteoirí atá ag iarraidh múineadh trí mheán na Gaeilge.



Liosta na Modúl ⇒ Lch 56

Céard é an Baitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht)?

Foghlaim faoin tumoideachas, faoi na bealaí ina bhfoghlaímíonn na páistí teanga agus conas a bhfoghlaímíonn páistí idir 4 agus 12 bliana conas léamh, scríobh, comhaireamh agus áireamh. Foghlaim conas na healaíona a chur ar shúile na bpáistí, faoin tábhacht a bhaineann leis an gcultúr Gaelach mar aon leis an draíocht agus na mistéir mórtimpeall orthu, agus na bealaí chun fás agus forbairt ar bhealach sláintiúil.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Déan staidéar ar an tumoideachas, ar an Oideachas Luath-Óige, ar an mbealach ina bhfoghlaímíonn páistí, ar an tsíceolaíocht agus ar an tsochtheangeolaíocht. Foghlaim faoi na modhanna chun na hábhair uile a mhúineadh agus na buntáistí a bhaineann le múineadh trí mheán na Gaeilge. Déan staidéar chun teastas san Oideachas Reiligiúnach Caitliceach a bhaint amach agus/nó chun teastas a fháil sna Curaclaim Ilchreidmheacha agus Eitice i gComhthéacsanna Scoileanna Éagsúla.

Socruchán Scoile

Is trí mheán na Gaeilge amháin a dhéanfaidh tú na Socrúcháin Scoile agus sa cheathrú bliain déanfaidh tú an t-Ardsocrúchán Scoile i scoil Ghaeltachta. Gheobhaidh tú réimse leathan de thaithí san earnáil oideachais Lán-Ghaeilge. Beidh deiseanna agat socrúcháin a dhéanamh i scoileanna tuaithe agus uirbeacha, i scoileanna aon ghnéis agus i scoileanna comhoideachas, i scoileanna DEIS, i ranganna/suíomhanna oideachais speisialta agus i scoileanna ina bhfuil suíomhanna aon ghráid agus ilghráid iontu. Beidh deis agat cur isteach ar Shocrúchán Scoile a dhéanamh i Scoil Eorpach trí mheán an Bhéarla.

Gaeltacht

Caith coicís sa Ghaeltacht sa chéad bhliain agus sa dara bliain. Sa Cheathrú Bliain don Ardsocrúchán Scoile (deich seachtaine), beidh mic léinn ag cur fúthu sa Ghaeltacht.

Céard iad na roghanna a bheidh agam mar mhúinteoir?

Oireann an chéim seo go speisialta do mhic léinn a dteastaíonn uathu múineadh san earnáil oideachais Lán-Ghaeilge .i. i scoileanna Gaeltachta nó i scoileanna Lán-Ghaeilge. Tá an chéim aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus beidh céimithe leis an gcéim i dteideal freisin post a lorg i scoil Bhéarla ina bhfuil an Ghaeilge mar an dara teanga.



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Cúrsa an-éagsúil agus an-uathúil is ea an cúrsa Léann an Oideachais in Institiúid Oideachais Marino, cúrsa ina ndírítear ar an oideachas taobh amuigh den seomra ranga. Is aoibhinn liom an dúshlán a chuireann sé romham ó thaobh mo smaointeoireachta de agus go gcuirtear tionchar níos leithne an oideachais ar an tsochaí i gcoitinne ar mo shúile dom.”

★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Tá i bhfad níos mó i gceist leis an gcéim seo ná cáilíochtaí gairmiúla agus tá sé tar éis gach uile ghné de mo shaol a athrú.”

Liosta na Modúl ⇒ Lch 58

Céard é an B.Eol i Léann an Oideachais?

Tugann an cúrsa onóracha ceithre bliana seo, atá creidiúnaithe ag Coláiste na Tríonóide, clár uathúil ar fáil a éascaíonn staidéar ar an oideachas mar dhisciplín acadúil. Ag glacadh léargas domhan ar an oideachas, féachfaidh tú ar luach agus aidhm an oideachais; tabharfaidh tú faoi bhuncheisteanna ar nós ceartas sóisialta, rochtain, ionchuimsitheacht, agus míbhuntáiste sóisialta; agus foghlaimeoidh tú faoi ilghnéitheacht an tírdhreacha oideachasúil in Éirinn agus thar lear. Cothaíonn an clár uathúil seo scileanna idirdhisciplíneacha inaistrithe ar nós smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, cumarsáid agus taighde a mbíonn mar bhunchloch láidir do réimse gairmeacha proifisiúnta a bhaineann leis an oideachas.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Tá an clár seo bunaithe ar cheithre eochairghnéithe: foghlaim ar feadh an tsaoil, polasaí agus cleachtas, oideachas agus cultúr, eitic agus ceartas sóisialta. Laistigh de gach ceann de na gnéithe seo, déanann ár mic léinn staidéar ar mhodúl ar nós oideachas agus na healaíona, riachtanais oideachais speisialta, polasaí oideachasúil, oideachas comparáideach, taighde oideachasúil agus araile. Scrúdófar cur chuige oideachasúla do chách, mar shampla aosoideolaíocht, oideolaíocht agus Dearadh Uilíoch don Foghlaim (UDL). Úsáidtear réimse leathan teagasc gníomhach agus modhanna foghlama maraon le cur chuige measúnaithe nuálacha.

Socrúchán oibre

I ngach bliain den chlár, déanfaidh tú socrúchán oibre struchtúrtha a thugann an deis duit an teoiric agus ábhar a fhoghlaimíonn tú sna modúil acadúla a úsáid i gcomhthéacsanna sa saol mar atá, agus na scileanna inaistrithe a fhorbraítear ar an gclár a úsáid i mbealach fiúntach. Dírionn gach bliain ar ghrúpa áirithe foghlaimeoirí (daoine fásta, na déaga, páistí), agus is féidir an socrúchán a dhéanamh i do rogha suíomh. Sa bhliain dheireanach tugann ár mic léinn faoi intéirneacht ocht seachtaine ina mbíonn siad sáinithe i dtimpeallacht oideachasúil atá saincheaptha dár suimeanna agus spriocanna gairmiúla. Rinne roinnt dár gcóimithe intéirneachtaí le hInstitiúid Scannáin na hÉireann (IFI), Zú Bhaile Átha Cliath, ChildVision, Aisling Project, INTO, NCCA agus Fighting Words.

Deiseanna Forbairt Ghairmiúla

Cuirfidh an B.Eol i Léann an Oideachais ar a gcumas ag mic léinn a gconair ghairme féin a leanúint i réimse timpeallachtaí oideachasúla. Ullmhaítear mic léinn le scileanna agus cumais ilfheidhmeacha ionas gur féidir le céimithe tabhairt faoi ghairmeacha sásúla san fhoghlaim agus san fhorbairt, oideachas pobail, dearadh teagaisc, abhcóideacht, teicneolaíocht oideachasúil, suíomhanna cabhracha idirnáisiúnta agus bainistíocht tionscadal.

Deiseanna Staidéar Breise

Tugann an B.Eol i Léann an Oideachais stór eolais iontach do chéimithe a shocraíonn tabhairt faoi staidéar iarchéime. Tá staidéar breise déanta ag mic léinn a fuair céim le gairid i réimsí éagsúla, amhail cúram sóisialta, teiripe urlabhra agus theanga agus síceolaíocht, agus tá clár iarchéime oiliúna tosaigh múinteoirí ar nós an Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) nó an Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas) déanta ag céimithe eile in IOM agus áiteanna eile.



★ STUDENT VOICES

“Tá timpeallacht cáirdiúil fháilteach in IOM agus is onóir dom a bheith mar chuid de mhuintearas chomh iontach seo.”

“Is ullmhúchán den scoth an cúrsa seo ar an saol oibre i ndiaidh na céime agus i ndiaidh dom trí bliana den chúrsa B.Eol san Oideachas Luath-Óige a dhéanamh, is féidir liom a rá gan bhréag go mothaím an-ullamh bheith i m’oideoir luath-óige rathúil amach anseo.”

Oideachas Luath-Óige

Bíonn tionchar ag oideoirí ar an oideachas agus an cúram a fhaigheann na luath-óige ar feadh an tsaoil ar pháistí mar dhaoine ar leith, ar an mbealach a bhfoghlaímíonn siad agus ar an gcineál duine go mbíonn siad mar dhaoine fásta. Tá an cúrsa seo aitheanta ag Bord Údarás na gCáilíochtaí (QAB) mar chuid den Roinn Oideachais agus Óige (DoE) agus ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (DCDE).

Liosta na Modúl ⇒ Lch 59

Céard é an B.Eol san Oideachas Luath-Óige.

Is é atá i gceist leis an mB.Eol. san Oideachas Luath-Óige ná clár céime ceithre bliana ag leibhéal a hocht atá creidiúnaithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Leis an gcéim ullmhaítear mic léinn le dul ag obair in earnáil na luath-óige mar oideoirí, mar cheannairí, mar lucht tionchair pholasaithe agus i gcáileanna eile a bhaineann le seirbhísí do pháistí.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Déanfaidh mic léinn staidéar ar réimse leathan cúrsaí, ina measc tá: síceolaíocht an linbh, spraoi, an teanga agus litearthacht, foghlaim ar bhonn fiosraithe, polasaí luath-óige, cúram agus cosaint leanaí agus na healaíona sa luath-óige. Foghlaimeoidh tú faoi fhorbairt na luath-óige go ginearálta, ina measc an ról ríthábhachtach a bhíonn ag oideoirí ar shaol an pháiste agus a gclann. Foghlaimeoidh tú freisin faoi na tionchair ar oideachas an lae innu, mar shampla Montessori, Froebel agus Vygotsky. Foghlaimeoidh tú faoi Chreachuraclam Aistear don oideachas luath-óige agus creat Cáilíochta Síolta agus déanfaidh tú socrúcháin oideachais i réimse suíomhanna luath-óige.

Socrúchán sa réimse

Glac páirt i roinnt socrúcháin sa réimse i raon suíomhanna luathoideachais, áit a bhfaighidh tú taithí phraiticiúil luachmhar. Sa chéad bhliain déanfaidh tú blocshocrúchán de thrí sheachtaine agus faoi dheireadh an chúrsa, déanfaidh tú blocshocrúchán naoi seachtaine ina mbeidh an deis agat tabhairt faoi thionscadal taighde. Beidh deiseanna agat freisin socrúcháin sa réimse a dhéanamh chun taithí a fháil ar pholasaí, oideachas speisialta, agus suíomhanna eile.

Céard iad na roghanna gairmiúla atá ar fáil dom?

Go hiondúil is i réimse suíomhanna luath-óige a oibríonn céimithe an chúrsa seo. Bíonn an deis acu éirí ina gceannasaithe ar fhoghlaim an pháiste agus ar chleachtas ardchaighdeáin sa luath-óige. Beidh an deis ag céimithe obair i réimse leathan eagraíochtaí agus réimse leathan ról a bhaint amach i measc earnáil an oideachais. I measc na bpost seo féadfaidh post a fháil mar fhiontraí, mar cheannasaí nó mar bhainisteoir i réimse na luath-óige. Ar bharr ar ábhar a bhaineann leis an oideachas luath-óige go háirithe, foghlaimeoidh mic léinn na scileanna agus na meonta trasdisciplíneacha riachtanacha maidir le cumarsáid, comhoibriú, cruthaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil.





★ GUTH AN MHC LÉINN

“Ní hamháin gur choláiste é Marino; is áit í ina mbíonn d’ainm ar eolas ag gach duine, agus is tríd an tacaíocht idir mhic léinn agus an fhoireann a chruthaítear timpeallacht cháirdiúil agus fháilteach.”

Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide

Is cúrsa bliana é Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide ar ceapadh do mhic léinn neamh-AE chun na scileanna gur ghá a bheith acu a fhorbairt chun barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht iomaíoch na hollscoile.

Liosta na Modúl ⇒ Lch 60



Céard é an Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide?

Cuirtear an comhoibriú seo le Coláiste na Tríonóide dírithe ar mhic léinn idirnáisiúnta atá ag teacht isteach ar fáil ar champas choláiste cleamhnaithe na Tríonóide, Institiúid Oideachais Marino, áit a bhfuil áiseanna den scoth ar fáil do mhic léinn chomh maith le lóistín ar an gcampas. Má éiríonn le mic léinn an Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide a chríochnú beidh mic léinn a shásaíonn na riachtanais iontrála ábhartha incháilithe d'áit ar réimse bunchéimeanna i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Institiúid Oideachais Marino araon.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Le linn bliain an Bhonnchláir, déanann na mic léinn staidéar ar theanga an Bhéarla; ar Mhatamaitic; ar an smaointeoireacht chriticiúil; ar scileanna cumarsáide; chomh maith le cúrsaí atá sainiúil don ábhar lena mbaineann a sruth roghnaithe. Is féidir le mic léinn a éiríonn leo sa chlár agus a sásaíonn na riachtanais ábhartha eile leanúint ar aghaidh lena rogha sruth

céime sa bhliain acadúil dár gcionn. Is féidir le hiarratasóirí ar an mBonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide ceann de dhá chonair ar leith a roghnú. Conair A: Gnó, Eacnamaíocht agus Eolaíocht Sóisialta agus Conair B: Innealtóireacht agus Eolaíocht.

Cé air a ndírítear an clár?

Dírítear an clár seo ar mhic léinn a bhfuil treallúsach agus uailmhianach agus ar mian leo freastal ar institiúid den chéad scoth ach nach féidir leo tús díreach a chur le bunchéim idirnáisiúnta.

Céard iad na roghanna atá ar fáil dom?

Má éiríonn leat an Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide a chríochnú, beidh réimse leathan roghanna céime ar fáil duit ó Chonair A nó ó Chonair B.



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Ceann de na cinntí is fearr a rinne mé ná tabhairt faoin MGO in Marino. Níl sárú ar an tacaíocht, moladh agus teagasc a tugadh dúinn ar an gcúrsa, ach bhí na cuimhní a rinneamar níos fearr fós. Tapaigh gach uile deis agus gach uile ghné den chúrsa, toisc go mbeidh sé thart sula i bhfad.”

Bunmhúinteoireacht

Ullmhaíonn an Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) céimithe le dul isteach i ngairm na múinteoireachta. Tá an chúrsa seo aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus cuireann sé béim ar phríomhchleachtais mhúinteoireachta a shealbhú. Táthar ag súil leis go bhforbróidh na mic léinn réimse leathan scileanna múinteoireachta praiticiúla fad is atá siad in IOM agus nuair atá siad ar shocrúchán scoile.

Liosta na Modúl ⇒ Lch 61

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA

“Léirigh IOM conas a chloíonn an clár go chuimsitheach agus go hiomlán le *Céim: Caighdeán d’Oideachas Tosaigh Múinteoirí*, ag cur béim ar an méid a bhíonn i bpáirt ag dearadh an chláir, acmhainní agus socrúcháin agus luachanna proifisiúnta, scileanna agus cleachtas, agus eolas agus tuiscint.”



Céard é an Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht)?

Is clár iarchéime é a ceapadh chun mic léinn a ullmhú le go mbeidh siad incháilithe clárú mar mhúinteoir bunscoile leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Mar chuid den chúrsa seo tá bonnstaidéar, ina ndéantar comhtháthú ar stair an oideachais, fealsúnacht an oideachais, socheolaíocht an oideachais, síceolaíocht an oideachais agus curaclam agus measúnú. Tabharfaidh tú faoi thaighde i réimse spéise amháin. Beidh an deis agat staidéar a dhéanamh chun teastas a bhaint amach san Oideachas Reiligiúnach Caitliceach, agus/nó teastas a bhaint amach sna Curaclaim Ilchreidmheacha agus Eitice i gComhthéacsanna Scoileanna Éagsúla

Cé air a ndírítear an clár?

Tá an clár ar fáil do chéimithe a bhfuil céim leibhéal 8 ag grád II.2 nó níos airde acu cheana féin. Tagann roinnt mac léinn díreach chuig an Máistir Gairmiúil san Oideachas ó chlár fochéime. In amanna bíonn am caite ag roinnt mac léinn ag taisteal, nó ag obair i réimse eile sula ndearna siad an cinneadh dul leis an mbunmhúinteoireacht.

Socrúchán Scoile

Déanann mic léinn tréimhsí de shocrúchán scoile i rith an dá bhliain den chúrsa. Sa chéad bhliain déantar socrúchán trí seachtaine i seimeastar 1 agus i seimeastar 2. Sa dara bliain déantar socrúchán seachtain amháin i suíomh oideachais speisialta agus déantar socrúchán deich seachtaine.

Gaeltacht

Ní mór do mhic léinn am a chaitheamh, de ghnáth dhá thréimhse coicise, sa Ghaeltacht.

Céard iad na roghanna eile atá ar fáil dom?

Tugann roinnt céimithe faoi staidéar iarchéime breise i réimse an oideachais. Leis na cáilíochtaí breise seo tá féidearthachtaí gairmiúla eile ann, ina measc siúd d’fhéadfá a bheith i do cheannaire curaclaim, i do phríomhoide nó i d’oideoir múinteoirí agus tuilleadh deiseanna.



Ullmhaíonn an Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) Conair lán-Ghaeilge, céimithe le dul isteach i ngairm na múinteoireachta, agus don earnáil oideachais lán-Ghaeilge (scoil Ghaeltachta nó scoil lán-Ghaeilge) ach go háirithe. Táthar ag súil leis go bhforbróidh na mic léinn réimse leathan scileanna praiticiúla múinteoireachta fad is atá siad in Institiúid Oideachais Marino agus nuair atá siad ar shocrúchán scoile. Freisin táthar ag súil leis go bhforbróidh na mic léinn an inniúlacht teanga riachtanach sa Ghaeilge le múineadh i scoil lán-Ghaeilge.

TÓGTHA Ó ATHBHREITHNIÚ NA COMHAIRLE MÚINTEOIREACHTA AR AN MÁISTIR GAIRMIÚIL SAN OIDEACHAS (BUNMHÚINTEOIREACHT) CONAIR LÁN-GHAELIGE:

“Bhí an painéal athbhreithnithe tógtha leis an tiomantas láidir agus an rannpháirtíocht dearfach a bhí ag ardbhainistíocht IOM, ceannairí an chláir agus leis an bhfoireann le linn phróisis athbhreithithe an Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) Conair lán-Ghaeilge, laistigh de chlár reatha an MGO ...Ó thaobh teoiric agus coincheapa de, tá an chonair seo bunaithe ar litearthacht agus dioscúrsa náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ról an mhúinteora mar shainchleachtóir tumoideachais sa Ghaeilge. Ó thaobh torthaí foghlama ar leith ar leibhéal an chláir agus ar leibhéal an mhodúil, sroicheadh an chonair na mic léinn áit a bhfuil siad ó thaobh réamheolais agus taithí foghlama de agus díríonn sé ar ullmhúchán agus cleachtas ardchaighdeán d’iarchéimithe múinteoireachta faoi oiliúint ar mhian leo múineadh i scoileanna tumoideachais Gaeilge i nGaelscoileanna agus i Scoileanna Ghaeltachta.”

Bunmhúinteoireacht Conair lán-Ghaeilge

Liosta na Modúl ⇒ Lch 62



Céard é an Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) Conair lán-Ghaeilge?

Clár iarchéime é an Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) Conair lán-Ghaeilge a reáchtáiltear trí mheán na Gaeilge agus a ceapadh chun mic léinn a ullmhú le go mbeidh siad incháilithe clárú mar mhúinteoir bunscoile leis an gComhairle Mhúinteoireachta, agus le hobair i scoileanna lán-Ghaeilge (scoil Ghaeltachta nó scoil lán-Ghaeilge) ach go háirithe.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Riartar an cúrsa seo trí mheán na Gaeilge, agus i measc na hábhair ar an gcúrsa seo déantar staidéar ar bhonnstaidéar, ina ndéantar comhtháthú ar stair an oideachais, fealsúnacht an oideachais, socheolaíocht an oideachais, síceolaíocht an oideachais agus curaclam agus measúnú. Déanfaidh tú iniúchadh freisin ar fhorbairt an oideachais lán-Ghaeilge agus ceisteanna reatha agus tabharfaidh tú faoi thaighde i réimse spéise ar leith den tumoideachas. Beidh an deis agat staidéar a dhéanamh chun teastas a bhaint amach san Oideachas Reiligiúnach Caitliceach, agus/nó teastas a bhaint amach sna Curaclaim Ilchreidmheacha agus Eitice i gComhthéacsanna Scoileanna Éagsúla.

Cé air a ndírítear an clár?

Oireann an cúrsa seo do chéimithe a bhfuil suim acu sa Ghaeilge agus san oideachas lán-Ghaeilge a bhfuil céim leibhéal 8 ag grád II.2 nó níos airde acu cheana féin. Tagann roinnt mac léinn díreach chuig an Máistir Gairmiúil san Oideachas ó chlár fochéime. In amanna bíonn am caite ag roinnt mac léinn ag taisteal, nó ag obair i réimse eile sula ndearna siad an cinneadh dul leis an mbunmhúinteoireacht.

Socrúchán Scoile

Déanann mic léinn tréimhsí de shocrúchán scoile i rith an dá bhliain den chúrsa. Sa chéad bhliain déantar socrúchán trí seachtaine i scoil lán-Ghaeilge (scoil Ghaeltachta nó scoil lán-Ghaeilge) i seimeastar 1 agus i seimeastar 2. Sa dara bliain déantar socrúchán seachtain amháin i suíomh oideachais speisialta lán-Ghaeilge agus déantar socrúchán deich seachtaine i scoil lán-Ghaeilge príomhshrutha (scoil Ghaeltachta nó scoil lán-Ghaeilge).

Gaeltacht

Mar chuid den Máistir Gairmiúil san Oideachas, ní mór do mhic léinn am a chaitheamh, de ghnáth dhá thréimhse coicíse, sa Ghaeltacht. Ní mór do mhic léinn siollabas teanga saincheaptha a dhéanamh chun an inniúlacht teanga riachtanach a bhaint amach chun an chúrsa a dhéanamh agus le múineadh i scoil lán-Ghaeilge.

Céard iad na roghanna eile a bheidh agam?

Tabharfaidh roinnt céimithe faoi staidéar breise iarchéime eile san oideachas. Leis na cáilíochtaí breise seo tá féidearthachtaí gairmiúla eile ann mar aistritheoirí, mar cheannairí curaclaim, mar phríomhoide, mar oideoir múinteoirí, nó tuilleadh deiseanna.



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Cé acu na léachtaí idirghníomhacha nó na cairde atá déanta agam, cuirtear i gcuimhne dom gach lá gurb í IOM an rogha ab fhearr dom agus is í fós an rogha is fearr dom.”

Dioplóma Gairmiúil san Oideachas

Breisoideachas



Tá an cúrsa seo aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta, agus is í an phríomhaidhm atá leis ná mic léinn a ullmhú leis an réimse eolais agus scileanna a bhaineann leis an ngairm mhúinteoireachta i suíomhanna Breisoideachais agus Oiliúna.

Liosta na Modúl ⇒ Lch 63

Céard é an Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas)?

Clár oiliúna múinteoirí is ea an Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas) (PDE-FE) a ullmhaíonn mic léinn leis an eolas agus na scileanna cuí atá riachtanach le haghaidh gairm mhúinteoireachta éifeachtach agus fiúntach san earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (FET). Tugann an clár nuálach agus bunathraitheach leibhéal 8 seo taithí foghlama saibhir do mhic léinn trí mheascán d'fhoghlaim chumaisc agus staidéar neamhspleách le an-chuid socrúchán oideachais praiticiúla.

Tá an clár creidiúnaithe ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun clárú do Bhealach 3 (Breisoideachas). Anseo in Institiúid Oideachais Marino, is féidir an PDE-FE a dhéanamh lánaimseartha ar feadh bliain amháin, nó páirtaimseartha thar dhá bhliain, mar sin tugtar an solúbhthacht a bhíonn de dhíth ar fhoghlaimseoirí fásta.

Cé air a ndírítear an clár?

Ceapadh an clár leis na riachtanais acadúla agus gairmiúla do mhúinteoirí ardaidhmeannacha a shásamh. Chomh maith leis sin ceapadh an cúrsa le cumas na n-oideoirí a oibríonn san earnáil seo cheana féin a fheabhsú agus a neartú. De bharr seachadadh cumaisc agus nuálach an chláir seo, ní mór d'iarratasóirí a bheith ardspreagtha agus féin-treallúsach agus ceannas láidir a bheith acu ar na teicneolaíochtaí is comónta a úsáidtear don teagasc agus foghlaim, mar shampla Microsoft Office agus ardán fíorúil foghlama ar nós Moodle.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Mar chuid den churaclam cuimsitheach seo comhcheanglaítear bonnstaidéar, staidéir ghairmiúla agus diansocrúchán oideachasúil in FET agus soláthraí oideachais pobail i bPoblacht na hÉireann. Le linn an ama seo cuirfidh mic léinn an t-eolas seo i gcleachtas agus forbróidh siad a scileanna múinteoireachta sa seomra ranga trí 30 uair an chloig de bhreathnóireacht agus 100 uair an chloig de shocrúchán oideachais a dhéanamh ar chúrsaí breisoideachais creidiúnaithe ag QQI.

Conas a dhéantar measúnú ar an gclár?

Baintear úsáid as réimse de mhodhanna measúnaithe ar an gclár, mar shampla, tascanna scríofa, dialanna féinmhachnamhacha, cuir i láthair, tionscadail ghrúpa agus ríomhphunainn agus is féidir le mic léinn a n-eolas agus a gcumas aosoideolaíoch a léiriú.

Céard iad na roghanna gairmiúla atá ar fáil dom?

Leis an gclár seo, cuirtear ar a gcumas ag céimithe tabhairt faoi ghairm fiúntach na múinteoireachta laistigh d'earnáil an oideachais aosaigh agus is féidir le céimithe clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta trí Bhealach 3 (Breisoideachas). Múineann agus spreagann ár gcéimithe foghlaimseoirí aosta i réimse leathan suíomhanna, ina measc cláir lar-Ardteistiméireachta (PLC), Coláistí Breisoideachais, ionaid traenála SOLAS, Youthreach agus i suíomhanna oideachais pobal.



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Táim fíorbhuíoch den treoir agus tacaíocht a thug na léachtóirí dúinn. Chuir siad aithne mhaith orainn; d’fhéadfainn buaileadh isteach chucu agus bhí siad lán-sásta freagra a thabhairt dom ar aon cheist a chur mé orthu.”

Foghlaim agus Ceannaireacht Idirchultúrtha

Is cúrsa nuálach uathúil é a ceapadh d'oideoirí a bhfuil suim acu i gcastacht na múinteoireachta sa domhan idirnáisiúnta, ilchultúrtha seo. Ullmhófar rannpháirtithe chun tabhairt faoi ról ceannaireachta i scoileanna agus i láthair oibre. Foghlaimeoidh siad na scileanna mar oideoir idirchultúrtha chun tacú le foghlaimeoirí barr a gcumais a bhaint amach. Tacaíonn an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL) leis an gcúrsa seo agus tá sé aitheanta mar chúrsa atá in oiriúint do dhaoine atá ina gceannairí uailmhianacha, ceannairí sinsireacha nua, ceannairí scoile aitheanta agus ceannairí chórais in Oideachais na hÉireann.

Liosta na Modúl ⇒ Lch 64

Cé air a ndírítear an clár?

Tá an cúrsa seo oiriúnach d'oideoirí a bhfuil suim acu bheith gníomhach sna deiseanna agus sna dúshláin a bhaineann leis an múinteoireacht sa domhan idirnáisiúnta, idirchultúrtha seo. Is é cuspóir an chúrsa seo ná an buneolas acadúil a thabhairt do rannpháirtithe a bhfuil suim acu obair i ról ceannaireachta oideachasúil. Déanfaidh siad iniúchadh criticiúil ar chine, éagsúlacht theangach agus ilchineálacht reiligiúnach i suíomhanna oideachais.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Sa chéad bhliain, déanfaidh mic léinn staidéar ar cheithre mhodúl éagsúla: scoileanna agus an éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus oideachas idirchultúrtha; ceannaireacht scoile i suíomhanna éagsúla; an Béarla a mhúineadh mar theanga bhreise agus ilchineálacht reiligiúnach agus oideachas idirchultúrtha. Sa dara bliain, díreoidh na mic léinn ar bhealach níos doimhne ar réimse spéise. Déanfaidh siad scileanna taighde a fhorbairt agus tráchtas a ullmhú ar ábhar a bhaineann leis an bhfoghlaim idirchultúrtha.

Conas a dhéantar measúnú ar an gclár?

Baintear úsáid as réimse de mhodhanna measúnaithe sa chéad bhliain, mar shampla, aistí, cás-staidéir agus rannpháirtíocht i bplé ranga. Ina dhiaidh sin, beidh togra taighde agus tráchtas le déanamh sa dara bliain. Beidh an rogha ag mic léinn a éiríonn leo pas a bhaint amach sa cheithre mhodúl múinte (60 creidmheas) scoir den chlár le Diplóma larchéime san Foghlaim agus Ceannaireacht Idirchultúrtha.

Céard iad na roghanna gairmiúla atá ar fáil dom?

Beidh ullmhúchán maith ag céimithe an chlár maidir le ról ceannaireachta agus bhainistíochta i scoileanna, príomhoideacht scoile i measc na ról seo. Bheadh an-bhunús ag céimithe forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do chleachtóirí atá ag obair i mbunscoileanna agus i suíomhanna oiliúna múinteoirí i réimse an oideachais idirchultúrtha. Ar a bharr sin bheadh céimithe in ann cur le taighde an oideachais idirchultúrtha agus páipéir a chur i láthair ag comhdhála nó ailt irisí a scríobh.



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Bhí mé an-bhuíoch as na deiseanna a fuaireamar sa cheardlanna iontacha a thug na saineolaithe ‘beo’ dúinn bunaithe ar a gcleachtais amharc-ealaíon féin. Thug na ceardlanna léargas dúinn ar thiomantas na saineolaithe don phróiseas oibre agus bhí sé an-inspioráideach ó thaobh na cruthaitheachta de. Ba pribhléid é bualadh leis na cleachtóirí oideora-ealaíona seo agus scileanna nua a fhoghlaim uathu agus d’úsáid siad cur chuige mac léinn-lárnacha agus ábhair d’ardchaighdeáin linn sna ceardlanna i gcónaí. D’fhan na heispéiris sin liom go ceann tamaill i bhfad i ndiaidh deireadh na gceardlann.”

na hAmharc-ealaíona

Is cúrsa nuálach é an Mháistreacht i Léann an Oideachais (na hAmharc-ealaíona) a ceapadh chun cur ar chumas rannpháirtithe cleachtais nuálacha shamhlaíocha a bhunú, a fheabhsú nó chun iad a bhreithniú go géar i raon de chomhthéacsanna ealaíon san oideachas, agus go rachaidh a saineolas, a muinín agus a gcruthaitheacht i méid ó thaobh na nithe sin de.

Liosta na Modúl ⇒ Lch 65

Céard í an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Na hAmharc-ealaíona)?

Beidh sé ar chumas chéimithe an chúrsa cineálacha cur chuige a mheas go géar agus iad a athshamlú agus beidh siad in ann imeacht ó phátrúin sheanbhunaithe chun rudaí a scrúdú ar bhealaí éagsúla. Chomh maith leis sin, beidh an saineolas acu chun cur le pobail chleachtais áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta ó thaobh na n-ealaíon agus an oideachais de.

Cé air a ndírítear an clár?

Tá an cúrsa seo dírithe ar dhaoine a bhfuil suim ar leith acu sna hamharc-ealaíona agus an méid a bhíonn i bpáirt ag na healaíona agus an oideachas. Tá sé in oiriúint freisin do bhunmhúinteoirí, ealaíontóirí 'teagaisc', agus oideoirí ealaíontóra a bhíonn ag plé le cleachtais sóisialta agus ar mian leo tuiscint chriticiúil a fháil ar an bhfoghlaim sna hamharc-ealaíona, leis na hamharc-ealaíona agus ó na hamharc-ealaíona. Tá fáilte freisin roimh oideoirí agus ghairmithe eile a bhaineann úsáid as na hamharc-ealaíona mar mhodheolaíocht teagaisc i gcomhthéacsanna oideachasúla éagsúla agus ar spéis leo a gcleachtais a fhorbairt i mbealaí samhlaíocha agus comhtháite.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Sa chéad bhliain, déanfaidh mic léinn staidéar ar cheithre mhodúl éagsúla comhdhéanta de phríomh-mhodúl coiteann agus de thrí mhodúl amharc-ealaíon speisialtóireachta. Sa dara bliain, díreoidh na mic léinn ar bhealach níos doimhne ar réimse spéise a bhaineann leis na hamharc-ealaíona i Léann an Oideachais. Déanfaidh siad scileanna taighde a fhorbairt agus tráchtas a ullmhú ar ábhar a bhaineann le hoideachas na namharc-ealaíon.

Conas a dhéantar measúnú ar an gclár?

I mbliain 1, tá an measúnú nasctha le nádúr modúlach an chláir agus tá sé comhdhéanta de raon de mhodhanna measúnaithe agus déanfar togra taighde agus tráchtas i mbliain 2. Beidh an rogha ag mic léinn a éiríonn leo pas a fháil sa cheithre mhodúl múinte (60 creidmeas) scoir den chúrsa le Diplóma Iarchéime sna hAmharc-ealaíona.





★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Ba dhearfach an taithí a fuair mé ar an Máistreacht san Oideachas Luath-Óige. Bhí na léachtóirí fioreolasach agus tacúil agus spreag an t-ábhar paisean ionam chun tuilleadh a fhoghlaim sa réimse seo.”

Oideachas Luath-Óige



Cuireann an clár seo taithí uathúil foghlama ar fáil atá bunaithe ar fhorbairt na tuisceana teoiriciúla agus na feasachta criticiúla i measc na rannpháirtithe maidir le príomhcheisteanna an oideachais luath-óige.

Liosta na Modúl ⇒ Lch 66

Cé air a ndírítear an clár?

Tá an clár oscailte do bhunmhúinteoirí, do chleachtóirí luath-óige agus dóibh siúd atá ag obair le páistí óga i réimse na habhcóideachta. Ní thugann an cúrsa seo na cáilíochtaí do chéimithe chun obair i suíomhanna luath-oideachais.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Molfar do na rannpháirtithe ar an gcúrsa Máistreachta seo smaoinemh ar bhonn criticiúil agus machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas. Déanfaidh siad an taighde a imscrúdú, taighde a bhaineann leis an spraoi, teanga agus réimsí eile d'fhoghlaim an pháiste, agus roinnfidh siad a dtuairimí agus forbróidh siad tuiscintí roinnte le mic léinn eile trí na fóraim ar líne. Cuirfidh siad seasamh fealsúnachta agus oideolaíochta smaointeoirí éagsúla a bhíonn ag plé leis an oideachas luath-óige faoi chaibidil agus déanfaidh siad meastóireacht chriticiúil orthu. Tabharfaidh siad faoi thionscadal taighde ar réimse an spraoi. Beidh deis ann obair i ngrúpaí agus cuir i láthair ó bhéal agus i scríbhinn a dhéanamh. Déanfar éascaíocht ar fhoghlaim na mac léinn sna suíomhanna aghaidh ar aghaidh agus ar líne.

Conas a dhéantar measúnú ar an gclár?

Baintear úsáid as réimse de mhodhanna measúnaithe sa chéad bhliain, mar shampla, aistí, cur i láthair ó bhéal agus obair thionscadail. Ina dhiaidh sin, beidh togra taighde agus tráchtas le déanamh sa dara bliain. Beidh an rogha ag mic léinn a éiríonn leo pas a fháil sa cheithre mhodúl múinte (60 creidmheas) scoir den chlár le Diplóma larchéime san Oideachas Luath-Óige.

Céard iad na roghanna gairmiúla atá ar fáil dom?

Beidh ullmhúchán maith ag céimithe an chláir seo maidir le hardú céime nó athrú poist. I measc na ról seo, tá príomhoideacht scoile nó bainisteoir i suíomh oideachais luath-óige. Bheadh an-bhunús freisin ag céimithe forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do chleachtóirí atá ag obair i mbunscoileanna agus i suíomhanna oideachais luath-óige. Bheadh céimithe in ann plé le hobair bheartais nó cur isteach ar phoist i gCigearacht na Roinne Oideachais agus Óige. Tagann deiseanna chun cinn ó am go chéile maidir le fostaíocht in eagraíochtaí gairmiúla luath-óige amhail Early Childhood Ireland. Tar éis tamaill, tugann roinnt céimithe faoi staidéar breise ag leibhéal dochtúireachta ansin faigheann siad post sa réimse acadúil.



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Gné an-tábhachtach den chúrsa seo ná comhluadar fiosrúcháin i measc na gcomhghleacaithe a chruthú agus béim a chur ar thascanna comhoibríocha sna ranganna ar líne agus aghaidh ar aghaidh araon.”

Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe

Is cúrsa nuálach uathúil é an clár máistreachta seo a ceapadh chun tairbhe a bhaint as an méadú spéise atá ag daoine go forleathan san fhoghlaim ar bhonn fiosraithe ar gach leibhéal oideachais, ón oideachas luath-óige go dtí an t-ardoideachas.

Liosta na Modúl ⇒ Lch 67



Céard í an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe)?

D'ainneoin an méadú spéise atá ag daoine san ábhar seo, is beag deis atá ann do mhic léinn in Éirinn tabhairt faoi Mháistreacht ar a dtugtar na creidmheasa ar bhonn staidéir agus taighde ar an bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe. Tá easpa cúrsaí den chineál seo ann agus is í aidhm an chúrsa seo ná an easpa sin a cheartú. Dearadh an cúrsa seo chun ceangal láidir a dhéanamh idir teoiric agus cleachtas. Gné an-tábhachtach den chúrsa ná pobal fiosraithe a bhunú i measc na mac léinn, a dhíreoidh ar thascanna coimhoibrithe.

Cé air a ndírítear an clár?

Tá an cúrsa seo dírithe ar mhúinteoirí agus ar oideoirí in aon ghairm beatha nó limistéar ábhair ar leibhéal ar bith.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Sa chéad bhliain, déanfaidh mic léinn staidéar ar cheithre mhodúl éagsúla comhdhéanta de phríomh-mhodúl coiteann agus de thrí mhodúil speisialtóireachta den bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe. Sa dara bliain, díreoidh na mic léinn ar bhealach níos doimhne ar réimse spéise a bhaineann leis an bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe i Léann an Oideachais. Déanfaidh siad scileanna taighde a fhorbairt agus tráchtas a ullmhú ar ábhar a bhaineann leis an bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe.

Conas a dhéantar measúnú ar an gclár?

Tá an measúnú nasctha le nádúr modúlach an chláir. Tá sé comhdhéanta de raon de mhodhanna measúnaithe sa chéad bhliain agus déanfar togra taighde agus tráchtas sa dara bliain. Beidh an rogha ag mic léinn a éiríonn leo pas a fáil sa cheithre mhodúl múinte (60 creidmheas) scoir den chláir le Diplóma larchéime san Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe.



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Thaitin na léachtaí, an plé agus na comhráite gach coicís go mór liom. Bhí na léachtóirí an-chineálta agus an-chabhrach. An rud is mó a thaitin liom ná an deis a thug sé dúinn staidéar le dream iontach múinteoirí a bhfuil an dearcadh céanna acu.”

Oideachas Matamaitice Bunscoile*

Is cúrsa Máistreachta páirtaimseartha dhá bhliain é an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Matamaitice Bunscoile) atá ar fáil go hiomlán ar líne. Is bunchloch den chúrsa iad cleachtas agus taighde san oideachas matamaitice bunscoile.

Liosta na Modúl ⇒ Lch 68

Céard í an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Matamaitice Bunscoile)?

Ullmhaíonn an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Matamaitice Bunscoile) rannpháirtithe chun oideachas matamaitice bunscoile a chur chun cinn trí phobal idirlín a chruthú ina dhéanfaidh siad comhoibriú lena gcomhghúinteoirí ó réimse leathan suíomhanna agus timpeallachtaí scoile éagsúla. Leanann ábhar an chúrsa seo cur chuige idirghníomhach ar líne, ina dtugann na ranganna sioncronacha agus aisioncronacha deis do mhic léinn scileanna comhoibríthe a fhorbairt agus eolas a fháil, chomh maith le foghlaim conas caidrimh éifeachtach a dhéanamh i dtimpeallacht dhigiteach.

Cé air a ndírítear an clár?

Beidh dúil mhór ag múinteoirí bunscoile a bhfuil suim acu in oideachas matamaitice agus ag múinteoirí a bhfuil suim acu nó atá ag obair mar cheannaire matamaitice, mar oideoir múinteoireachta ar leibhéal oiliúint tosaigh múinteoirí nó oideachas inseirbhíse nó atá ag obair nó a bhfuil suim acu obair mar chigire de chuid na Roinne Oideachais agus Óige ar an gcúrsa seo. Cé gur ceapadh an cúrsa do mhúinteoirí bunscoile in Éirinn, toisc go bhfuil an cúrsa ar líne d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach do mhúinteoirí go bhfuil na cáilíochtaí cuí acu ó thíortha eile gur mian leo cur isteach ar an gcúrsa.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Tabharfaidh mic léinn faoi sé mhodúl éagsúla sa chéad bhliain:

- ▶ Oideachas Matamaitice Bunscoile a thuiscint
- ▶ Mórcheistanna Comhaimseartha san Oideachas Matamaitice Bunscoile
- ▶ Oideachas Ionchuimsitheach Matamaitice Bunscoile
- ▶ Deacrachtaí Foghlama Matamaitice agus Idirghabháil
- ▶ Dífreálú agus Dúshlán sa Mhatamaitic Bunscoile
- ▶ Ceannaireacht san Oideachas Matamaitice Bunscoile

Sa dara bhliain díreoidh na mic léinn ar bhealach níos doimhne ar réimse spéise amháin ón liosta thuas, forbróidh siad scileanna taighde agus ullmhóidh siad tráchtas 15,000 focal ar a rogha ábhar a bhaineann leis an oideachas matamaitice bunscoile.

Conas a dhéantar measúnú ar an gclár?

Tá nasc idir measúnú an chúrsa seo agus cruth modúlach an chúrsa. Beidh réimse measúnaithe sa chéad bhliain agus beidh togra taighde, chomh maith le tráchtas scríofa le déanamh sa dara bliain. Chun dul ar aghaidh chuig an dara bliain, ní mór do mhic léinn pas a fháil sna measúnaithe do gach ceann de na sé mhodúl sa chéad bhliain. Beidh an rogha ag mic léinn a éiríonn leo pas a fháil sa sé mhodúl múinte (60 creidmheas) scoir den chlár le Dioplóma larchéime san Oideachas Matamaitice Bunscoile.

* De ghnáth cuirtear an clár seo ar fáil gach dara bliain.
Gabh i dteagmháil le admissions@mie.ie do thuilleadh eolais.



★ GUTH AN MHIC LÉINN

“Cé acu an ceantar móorthimpeall ort, na cúrsaí nó pobal IOM, bainfidh tú sult as gach gné den saol anseo.”

Máistreacht i Léann an Oideachais

Ceannaireacht Scoil Chríostaí (Ar Líne)

Is cúrsa Máistreachta nuálach agus uathúil é an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Ceannaireacht Scoil Chríostaí) a thugtar ar líne. Baintear leas as taighde, prionsabail agus cleachtas don cheannaireacht scoile i scoileanna Chríostaí. Dearadh an cúrsa seo le hidirghníomhaíocht shoiléir a thabhairt idir mhúnlú agus teoiric, idir mhachnamh agus cleachtas. Gné an-tábhachtach den chúrsa seo ná pobal ar líne a chruthú i measc na mac léinn agus is gné lárnach é seo chun ceannairí a chruthú don Oideachas Chríostaí. Tacaíonn an Lárionad Ceannaireacht Scoile (CSL) leis an gcúrsa seo.



Liosta na Modúl ⇒ Lch 69

Céard í an Mháistreacht i Léann an Oideachais (Ceannaireacht Scoil Chríostaí)?

Tugann an cúrsa seo buneolas i scileanna riachtanacha don cheannaireacht, bainistíocht agus rialachas. Chomh maith leis sin tugann sé cúlra diagachta agus spioradáltachta do mhic léinn, bunús a chabhróidh leo maidir lena dtuiscint ar an éiteas creideamhbhunaithe, agus a thacóidh leo é sin a fhorbairt laistigh den scoil i gcomhthéacs iolraíoch.

Cé air a ndírítear an clár?

Tá an cúrsa seo dírithe ar mhúinteoirí bunskoile agus iarbhunscoile a bhfuil suim acu tabhairt faoina bhforbairt acadúil agus ghairmiúil féin. Tá an cúrsa seo oscailte d'arratasóirí in Éirinn agus thar lear.

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Sa chéad bhliain, déanfaidh mic léinn staidéar ar réimse de sé mhodúl éagsúla lena n-áirítear ceannaireacht, bainistíocht, agus diagacht agus spioradáltacht Chríostaí. Sa dara bliain díreoidh mic léinn ar réimse spéise a bhaineann leis an gceannaireacht oideachasúil chreideamhbhunaithe, agus déanfaidh siad scileanna taighde a fhorbairt agus tráchtas a scríobh.

Conas a dhéantar measúnú ar an gclár?

I mbliain 1, tá an measúnú nasctha le nádúr modúlach an chláir agus tá sé comhdhéanta de raon de mhodhanna measúnaithe. Déanfar togra taighde agus tráchtas i mbliain 2. Beidh an rogha ag mic léinn a éiríonn leo pas a fháil sa sé mhodúl múinte (60 creidmheas) scoir den chlár le Diplóma Iarchéime sa Cheannaireacht Scoil Chríostaí.



Breisoideachas (Ar Líne)

Is cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain leibhéal 9 an cúrsa seo atá ar fáil go hiomlán ar líne agus tugann sé an deis d'arratasóirí leis na cáilíochtaí cuí a dtuiscint den bhreisoideachas (FE) a leathnú. Forbróidh siad agus úsáidfidh siad scileanna taighde chun iniúchadh a dhéanamh ar ábhar a bhaineann lena suimeanna gairmiúla agus pearsanta. Ullmhaítear mic léinn leis an eolas agus na scileanna cuí chun tabhairt faoi staidéar neamhspleách laistigh den earnáil breisoideachais.*

Liosta na Modúl ⇒ Lch 70

Cé air a ndírítear an clár?

Tá an clár seo dírithe ar chéimithe a bhfuil taithí trí bliana ag obair san earnáil Bhreisoideachais acu, agus dearadh an cúrsa seo do mhic léinn a bhfuil réimse leibhéil taithí agus cáilíochtaí acu, mar shampla:

- ▶ Céimithe an Diplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas) (PDE-FE)
- ▶ Iad siúd atá ag obair san earnáil agus ar mbíonn leo tabhairt faoi róil cheannaireachta
- ▶ Iarratasóirí le bunchéim i réimsí a bhaineann leis an oideachas agus a bhfuil suim acu tuilleadh a fhoghlaim faoin oideachas aosach
- ▶ Iad siúd a bhfuil cáilíocht múinteoireachta acu san oideachas iarbhunskoile
- ▶ Foireann a oibríonn i róil neamhmhúinteoireachta (mar shampla acmhainní agus teagascóirí) sa Bhreisoideachas/san Oideachas Aosach

Céard air a ndéanfaidh mé staidéar?

Sa chéad bhliain díreoidh mic léinn ar:

- ▶ Peirspictíochtaí Teoiriciúla den Bhreisoideachas
- ▶ Teagasc & Foghlaim sa Bhreisoideachas
- ▶ Beartas & Cleachtas sa Bhreisoideachas
- ▶ Ceannaireacht & Bainistíocht
- ▶ Nuálaíocht sa Churaclam & Dearadh Curaclaim
- ▶ Tacaíocht a thabhairt do Phobail Cleachtais Athmhachnaimh

Sa dara bliain, tabharfaidh mic léinn faoi:

Modhanna Taighde & Tráchtas. Tugtar buneolas cuimsitheach do mhic léinn ar na modheolaíochtaí taighde is mó a úsáideann taighdeoirí i réimse an oideachais. Pléifear cur chuige cáilíochtúla agus cainníochtúla (bunaithe ar staitisticí tuairisciúla) atá oiriúnach don taighde agus staidéar an Bhreisoideachais ach go háirithe. Is í aidhm an mhodúil ná a chinntiú go bhfuil na scileanna taighde riachtanacha ag mic léinn chun tabhairt faoi togra taighde ar ardchaighdeán agus aon tionscadail taighde neamhspleácha sa todhchaí.

Conas a dhéantar measúnú ar an gclár?

Úsáidtear measúnú leanúnach ar an gclár seo agus i ngach modúl ina n-áirítear meascán de mheasúnaithe múnlaiteacha agus suimitheacha trí réimse uirlísí, ina measc: fóraim plé, teachtaireachtaí blag, ríomhphunann, tascanna scríofa, tionscadail grúpa agus gníomhaíochtaí eile. Measúnú deireanach an mhodúil Modhanna Taighde ná tráchtas 15,000 focail. Beidh an rogha ag mic léinn a éiríonn leo pas a fháil sa sé mhodúl múinte (60 creidmheas) scoir den chlár le Diplóma Iarchéime sa Bhreisoideachas.

* Ní cháilíonn an chúrsa céimithe chun clárú do Bhealach 3 (Breisoideachas) leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Féach Lch.37 don cháilíocht seo.

Sparánachtaí & Scoláireachtaí MLO*

Is cúis áthas d'IOM ceithre scoláireacht agus sparánacht a chur ar fáil do mhic léinn ar na cúrsaí Máistreachta i Léann an Oideachais (MLO).

01 Sparánacht Ciste Iontaobhaí MIE

Máistreachta i Léann an Oideachais (Ceannaireacht Scoil Chríostaí)

Is féidir le hiarratasóirí ar an gcúrsa seo leas a bhaint as laghdú 20% ar na táillí don chéad agus don dara bliain den chúrsa seo. Tá an sparánacht seo ar fáil do gach iarratasóir rathúil ar an gcúrsa.

02 Scoláireacht Táille Chéimithe MIE

Tá súil againn in IOM, go mbeidh caidreamh beomhar agus tairbheach eadrainn go léir agus lenár gcéimithe le linn a saoil agus a ngairme agus ba mhaith linn ár ndícheall a dhéanamh chun an aidhm seo a bhaint amach.

Beidh gach céimí IOM a bhain céim lánaimseartha amach san institiúid, agus ar ghlacadh leo ar MLO IOM, i dteideal an Scoláireacht Chéimithe don chéad agus dara bliain den chlár. Íocfaidh an scoláireacht seo as 20% den chostas de na táillí teagaisc de na cúrsaí máistreachta luaite thíos:

- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Foghlaim agus Ceannaireacht Idirchultúrtha)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Oideachas Luath-Óige)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (na hAmharcealaíona)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Oideachas Matamaitice Bunscoile)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Breisoideachas)

03 Scoláireacht Phobail Foghlaimeoirí IOM

Má chláraíonn comhghleacaí amháin nó níos mó ná comhghleacaí amháin de chuid do scoile nó do chomhthéacs eagraíochta do chlár MLO, is féidir leatsa agus do chomhghleacaí/chomhghleacaithe lascaine 20% a fháil ar na táillí teagaisc do bhliain 1 agus 2 de do chúrsa.

04 Scoláireacht Chéadonóracha IOM d'Fhochéimí (Fochéimí ó IOM nó Coláiste na Tríonóide)

Tá an Scoláireacht Chéadonóracha IOM d'Fhochéimí ar fáil do gach fochéimí ó IOM nó Coláiste na Tríonóide a bhain bunchéim céadonóracha amach. Íocfaidh an scoláireacht seo as 40% den chostas de na táillí teagaisc de na cúrsaí máistreachta luaite thíos:

- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Foghlaim agus Ceannaireacht Idirchultúrtha)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Oideachas Luath-Óige)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (na hAmharcealaíona)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Oideachas Matamaitice Bunscoile)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Breisoideachas)
- › Máistreachta i Léann an Oideachais (Ceannaireacht Scoil Chríostaí)

* Ní féidir le hiarratasóirí MLO ach leas a bhaint as sparántacht nó scoláireacht amháin díobh siúd luaite thuas. Do thuilleadh eolais, le do thoil téigh chuig

www.mie.ie/postgrad



Liosta na Modúl



Baitsiléir san Oideachas Bunmhúinteoireacht

Cur síos ar an gcúrsa ⇒ Lch 23

Bliain 1

Socrúchán Scoile

- › Meánranganna

Bonnstaidéar

- › Tuiscintí Fealsúnacha & Stairiúla ar an Oideachas 1
- › An tSíceolaíocht san Oideachas

Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Léann an Churaclaim/ Modheolaíochtaí

- › Múineadh an Bhéarla/Múineadh na Gaeilge
- › Múineadh na Matamaitice/Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)
- › Corpoideachas/Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
- › Oideachas na nEalaíon (Na hAmharc-ealaíona)
- › Oideachas Reiligiúnach

Staidéir Ghairmiúla/ Cleachtas Múinteoireachta

- › Teagasc & Foghlaim 1 (Garchleachtas)
- › Léann an Chomhionannais

Eolas ar Ábhar

- › Teanga, Litearthacht agus Litríocht an Bhéarla/na Gaeilge

Bliain 2

Socrúchán Scoile

- › Ranganna Sinsearacha

Bonnstaidéar

- › Béarla mar Theanga Bhreise/Teagasc Cruthaitheach Teanga
- › Curaclam agus Measúnú/Síceolaíocht san Oideachas
- › Oideachas Ionchuimsitheach & Riachtanais Speisialta Oideachais 1

Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Léann an Churaclaim/ Modheolaíochtaí

- › Múineadh an Bhéarla/Múineadh na Gaeilge
- › Corpoideachas/Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
- › Oideachas na Matamaitice/Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)
- › Oideachas na nEalaíon (Drámaíocht)

Staidéir Ghairmiúla/ Cleachtas Múinteoireachta

- › Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha agus Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe
- › Oideachas Ionchuimsitheach agus Riachtanais Speisialta Oideachais 2
- › Staidéir Ghairmiúla

Eolas ar Ábhar

- › Teanga, Litearthacht agus Litríocht an Bhéarla/na Gaeilge
- › Nuatheangacha Iasachta (Roghnach)

Bliain 3

Socrúchán Scoile

- › Oideachas Luath-Óige

Bonnstaidéar

- › Oideachas Luath-Óige
- › Socheolaíocht
- › Modhanna Taighde

Eolas ar Ábhar

- › Matamaitic

Léann an Churaclaim/ Modheolaíochtaí

- › Oideachas Litearthachta (Béarla)
- › Múineadh an Bhéarla/Múineadh na Gaeilge
- › Múineadh na Matamaitice/Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)
- › Oideachas na nEalaíon (Ceol)

Staidéir Ghairmiúla/ Cleachtas Múinteoireachta

- › Teagasc & Foghlaim 2/Bainisteoireacht Iompair
- › Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla don Scoil agus do Phobal na Scoile
- › Staidéir Ghairmiúla

Bliain 4

Ardsocrúchán Scoile

- › Nascaithe leis an miontráchtas

Bonnstaidéar

- › Tuiscintí Fealsúnacha agus Stairiúla ar an Oideachas 2

Staidéir Ghairmiúla/ Cleachtas Múinteoireachta

- › An Múinteoir mar Ghairmí Eolach (Matamaitic)
- › OSIE – Eolaíocht
- › Staidéir Ghairmiúla

Modúl Roghnach*

Roghnaítear modúl amháin ón liosta thíos:

- › Ag Cruthú Cultúr Léitheoireachta sa Seomra Ranga Bunscoile
- › Teagasc Teangacha Cruthaitheach: Comhtheagasc agus Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)
- › Spás chun Fás: Gairdíní scoile, Foghlaim Lasmuigh agus Oideachas le hAghaidh Inbhuanaitheachta

- › An Domhan sa Seomra Ranga
- › Ag Tacú le Foghlaimeoirí le Riachtanais Speisialta Oideachais acu i ngach Suíomh Scoile
- › Ag tacú le Luathlitearthacht i scoileanna “DEIS”
- › Na hEalaíona Traidisiúnta agus Litearthacht Chultúrtha
- › Ceannaireacht in Oideachas Ealaíne Bunscoile
- › Corpoideachas: Ionchuimsitheacht, Comhtháthú agus Nuálaíocht

- * *Ní bheidh gach modúl roghnach ar fáil gach bliain.*
- * *d’fhéadfadh athrú teacht ar na modúil*

Eolas Ginearálta

- › Cód CAO: CM001/CM002 (Iarratasóirí Gaeltachta amháin)
- › Fad an chúrsa: 4 bliana lánaimseartha
- › Leibhéal Gradaim: 8 de réir an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí
- › An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS): 240 creidmheas

Íosriachtanais Iontrála

- › Líon na n-ábhar Ardteistiméireachta: 6
- › Íosmhéid ábhair ardleibhéil: 3 (íosghrád H5)
- › O6/H7 mar íosriachtanas i dtrí ábhar eile
- › Íosghráid: Matamaitic – H7/O4, Béarla – H7/O4, Gaeilge – H4*

Nóta d’iarratasóirí CM002

- › *Íosghrád sa Ghaeilge d’iarratasóirí CM002: H3
- › Cuirtear sonraí gach iarratasóra ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Óige le dearbhú gur féidir úsáid a bhaint as an mbealach iontrála seo.
- › Le seiceáil go bhfuil tú incháilithe do Bhealach Iontrála na Gaeltachta, is féidir dearbhú go bhfuil d’éirchód laistigh de na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ag Amharcóir Pleanála Teanga (arcgis.com)

Baitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge

Bunmhúinteoireacht

Cur síos ar an gcúrsa ⇒ Lch 25

Bliain 1 – Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Socrúchán Scoile

- › Meánranganna

Bonnstaidéar

- › Tuiscintí Stairiúla ar an Oideachas
- › Síceolaíocht an Oideachais

Eolas ar Ábhar

- › Teanga, Litearthacht agus Litríocht an Bhéarla/na Gaeilge

Léann an Churaclaim/ Modheolaíochtaí (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha)

- › Múineadh an Bhéarla/Múineadh na Gaeilge
- › Múineadh na Matamaitice/
Oideachas Sóisialta Imshaoil agus
Eolaíochta (OSIE)

- › Corpoideachas/Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
- › Na hAmharc-ealaíona agus na hEalaíona (Ceol, Drámaíocht)
- › Oideachas Reiligiúnach

Staidéir Ghairmiúla/ Cleachtas Múinteoireachta

- › Teagasc & Foghlaim 1 (Garchleachtas)
- › Léann an Chomhionannais

Bliain 2 – Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Socrúchán Scoile

Ranganna Sinsearach

Bonnstaidéar

- › Léann an Teanga/Ag Foghlaim Teangacha Breise/Ag Múineadh trí Mheán na Gaeilge
- › Curaclam & Measúnú/Síceolaíocht san Oideachas
- › Oideachas Ionchuimsitheach – Riachtanais Speisialta Oideachais 1

Léann an Churaclaim/ Modheolaíochtaí (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha)

- › Múineadh an Bhéarla/Múineadh na Gaeilge
- › Corpoideachas (& an comhthéacs cultúrtha)/Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
- › Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)/Múineadh na Matamaitice

- › Drámaíocht & na hEalaíona (Na hAmharc-ealaíona, Ceol)

Staidéir Ghairmiúla/ Cleachtas Múinteoireachta

- › Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha & Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe
- › Oideachas Ionchuimsitheach – Riachtanais Speisialta Oideachais 2

Eolas ar Ábhar

- › Teanga, Litearthacht agus Litríocht an Bhéarla/na Gaeilge
- › Nuatheangacha lasachta (Roghnach)

Bliain 3

Socrúchán Scoile

- › Oideachas Luath-Óige

Bonnstaidéar

- › Oideachas Luath-Óige
- › Curaclam agus Socheolaíocht/Sochtheangeolaíocht
- › Modhanna Taighde

Léann an Churaclaim/ Modheolaíochtaí (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha)

- › Oideachas Litearthachta (Béarla)
- › Múineadh an Bhéarla/Múineadh na Gaeilge
- › Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)/Múineadh na Matamaitice
- › Ceol & na hEalaíona (na hAmharc-ealaíona, Drámaíocht)

Staidéir Ghairmiúla/ Cleachtas Múinteoireachta

- › Teagasc & Foghlaim (Garchleachtas)/Bainisteoireacht Iompair
- › Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla don Scoil agus do Phobal na Scoile
- › Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

Eolas ar Ábhar

- › Matamaitic

Bliain 4 – Socrúchán Scoile sa Ghaeltacht

Socrúchán Scoile

- › Ardsocrúchán Scoile (10 seachtaine sa Ghaeltacht)

Bonnstaidéar

- › Tuiscintí Fealsúnacha ar an Oideachas

Staidéir Ghairmiúla/

Cleachtas Múinteoireachta

- › An Múinteoir mar Ghairmí Eolach (Matamaitic)
- › Staidéir Ghairmiúla
- › OSIE (Oideachas Eolaíochta)

- › Miontráchtas (m.sh. Oideachas trí Mheán na Gaeilge, Tumoideachas, Dátheangachas, Oideachas Gaeltachta, Oideachas Luath-Óige trí Mheán na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge, Oideachas Ionchuimsitheach, Socheolaíocht)

Cursaí Roghnacha*

- › Corpoideachas - Ionchuimsitheacht, Comhtháthú agus Nuálaíocht
- › Ag Tacú le Foghlaimoír a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i ngach suíomh scoile

- › Na hEalaíona Traidisiúnta agus Litearthacht Chultúrtha
- › Ceannaireacht in Oideachas Ealaíne Bunscoile

* ní bheidh gach modúl roghnach ar fáil gach bliain

* d'fhéadfadh athrú teacht ar na modúil

Eolas Ginearálta

- › Cóid CAO: CM003/CM004 (iarratasóirí Gaeltachta amháin)
- › Fad an Chúrsa: 4 bliana lánaimseartha
- › Léibhéal Gradaim: 8 de réir an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí
- › An Corás Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS): 240 creidmheas

Íosriachtanais Iontrála

- › Líon na n-ábhar Ardteistiméireachta: 6
- › Íosmhéid ábhair ardleibhéil: 3 (H5 ar a laghad ach féach íosriachtanais ar leith thíos don Ghaeilge, don Bhéarla agus don Mhatamaitic)
- › O6/H7 mar íosriachtanas i dtrí ábhar eile.
- › Íosghráid ar Leith – Gaeilge: H3 agus TEG*: B1 Scrúdú Iomlán (Pasmharc 50%), Béarla: H7/O4, Matamaitic: H7/O4. Íocfaidh Institiúid Oideachas Marino an táille TEG ar ais do scoláirí rathúla sna scrúduithe TEG a chláraíonn ar an mBaitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino. Chun níos mó eolais a fháil faoin TEG féach www.teg.ie/oid
- › Beidh ar mhic léinn a thugann faoi scrúduithe TEG mhí Feabhra cóip dheimhnithe dá dtorthaí a sheoladh chuig An Oifig Iontrálacha, Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath, D09 R232 faoin 5 Iúil. Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh chuig www.mie.ie/oid

Iarratasóirí lánfhásta

Caithfidh iarratasóirí lánfhasta iarratais a bheith istigh acu tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO) faoi 5.15 i.n. ar an 1 Feabhra. Caithfidh mac léinn lánfhasta a bheith 23 bliain d'aois nó os a chionn ar 1 Eanáir na bliana ina bhfuil an mac léinn ag iarraidh an cúrsa a thosú. I lár mhí an Mhárta, cuirfidh Oifig Iontrálacha IOM ríomhphost chuig iarratasóirí lánfhasta. Aon iarratasóir atá ag iarraidh go ndéanfar measúnú ar a (h)iarratas mar iarratasóir lánfhasta, iarrfar air/uirthe “Foirm Iarratais Fhorlíontach ar Mhúinteoireacht Bhunscoile (Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge)” a chomhlíonadh agus a sheoladh chuig an Oifigeach Iontrálacha, Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath D09 R232. Is é an spriocdháta le foirmeacha iarratas a bheith ar ais ná an 31 Márta. Tabharfar cuireadh d'iarratasóirí a shásaíonn na riachtanais freastal ar agallamh mhic léinn lánfhasta agus tabhairt faoi scrúdú cainte sa Ghaeilge. Le haghaidh tuilleadh eolais, cuir ríomhphost chuig admissions@mie.ie

Nóta d'iarratasóirí CM004

Cuirtear sonraí gach iarratasóra ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Óige le dearbhú gur féidir úsáid a bhaint as an mbealach iontrála seo. Le dearbhú go bhfuil tú incháilithe do Bhealach Iontrála na Gaeltachta, is féidir dearbhú go bhfuil d'éirchód laistigh de na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ag Amharcóir Pleanála Teanga (arcgis.com)

Bliain 1

- › Bonnstaidear san Oideachas
- › Tús eolais ar an tSíceolaíocht Oideachasúil
- › Oideachas Aosach
- › An tOideachas agus na hEalaíona (ag Cothú Cruthaitheachta)
- › Cumarsáid don Oideachas
- › Ag Aistriú chuig an Ardoideachas
- › Ceannaireacht Oideachasúil: Fothaca Cleachtas
- › Riachtanais Speisialta Oideachais I
- › Teicneolaíocht don Teagasc & Foghlaim I
- › Socrúchán Oibre I

Bliain 2

- › Oideachas Comhaimseartha, Polaitíocht agus an tSochaí
- › Forbairt agus Ceapadh an Chláir
- › Déagoideachas
- › Oideachas & Cultúr (Litríocht)
- › Oideachas Forbartha
- › Oideachas Idirchultúrtha
- › An tOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
- › Ceannaireacht Oideachasúil: Bainistíocht, Cuspóir agus Cleachtas
- › Riachtanais Speisialta Oideachais II
- › Socrúchán Oibre II

Bliain 3

- › Polasaí Oideachasúil na hÉireann a Thuiscint
- › Oideachas mar Shaoradh nó mar Dhaoradh
- › An Óige
- › An tOideachas agus Spórt (Ionchuimsitheacht, éagsúlacht agus atreorú)
- › Fianaise san Oideachas
